



2018/0218(COD)

25.10.2018

***I

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí do tháirgí talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna ardchaighdeáin do tháirgí talmhaíochta agus bia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, cur síos, cur i láthair, lipéadú, agus cosaint na dtásc geografach a bhaineann le fionta cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú
(COM(2018)0394 – C8-0246/2018 – 2018/0218(COD))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Eric Andrieu

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scríosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scríosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	81

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí do tháirgí talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna ardchaighdeáin do tháirgí talmhaíochta agus bia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, cur síos, cur i láthair, lipéadú, agus cosaint na dtásc geografach a bhaineann le fionta cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú (COM(2018)0394 – C8-0246/2018 – 2018/0218(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0394),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 43(2), d’Airteagal 114, mír 1 d’Airteagal 118, agus d’Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0246/2018),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an ... ¹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an ... ²,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt, don tuairim ón gCoiste um Rialú Buiséadach, don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia chomh maith leis an tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A8-0000/2018),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

² IO C ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

8a. Ós rud é go bhféadfadh éagsúlacht mhór a bheith ann idir gabháltais feirmeacha laistigh de Bhallstát agus go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann idir méideanna na ngabháltas idir réigiúin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann teorainn a chur le coincheap gabháltais ar an leibhéal réigiúnach faoi chuimsiú scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe, chun riachtanais áirithe na réigiún éagsúil a chur san áireamh faoi chuimsiú an chórais i gcomhair planduithe nua.

Or. fr

Réasúiní

Tá sé riachtanach sainmhíniú de ghabháltas talmhaíochta a oiriúnú chun fionsaothrú a chur san áireamh. Faoi láthair, sainmhínítear gabháltas talmhaíochta i Rialachán 1307/2013 mar na dáileachtaí talún uile a oibríonn an t-eintiteas dlíthiúil céanna ar fud chríoch iomlán an Bhallstáit. Níl an sainmhíniú sin in oiriúint ná comhsheasmhach i dtaca le cur chuige réigiúnach i leith bhainistiú ionchas tháirge an fhionsaothraithe.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12) Ba chóir an sainmhíniú ar an rud is sonrúchán tionscnaimh ann a thabhairt chun comhréire leis an sainmhíniú a dhéantar air sa Chomhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS'), arna fhormheas le Cinneadh 94/800/EC ón gComhairle,

scriosta

agus go háirithe ba chóir é a thabhairt chun comhréire le hAirteagal 22(1) de, is é sin é a bheith sa chaoi go dtabharfadh an t-ainm tásc ar an réigiún nó ar an áit áirithe inar tionscnaíodh an táirge.

¹² *Babhta Uragua den Chaibidlíocht Iltaobhach Trádála (1986–1994) – Iarscríbhinn 1 – Iarscríbhinn 1C – Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (an Eagraíocht Dhomhanda Trádála) (IO L 336, 23.12.1994, lch. 214).*

¹³ *Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir le comhaontuithe ar thánghas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála (1986–1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (1986–1994) (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).*

Or. fr

Réasúin

Ós rud é gur ghlacamar sainmhíniú ar shonrúchán tionscnaimh dá bhforáiltear i gComhaontú Liospóin, ní mheastar go bhfuil an aithris seo iomchuí mar déantar tagairt inti do shainmhíniú eile ar shonrúchán tionscnaimh dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le gnéithe de chearta maoine intleachtúla a bhaineann le trádáil (TRIPS).

Leasú 3

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(20) I bhfianaise an mhéadaithe sheasta atá ag teacht ar an éileamh ó thomhaltóirí ar tháirgí nuálacha fíniúna ar lú a neart alcólach iarbhír ná an neart alcólach iarbhír íosta a leagtar amach le haghaidh táirgí fíniúna i gCuid II de Iarscríbhinn VII a ghabhann le

scriosta

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ba chóir é a bheith indéanta a leithéidí sin de tháirgí nuálacha fíniúna a tháirgeadh san Aontas freisin.

Or. fr

Réasúnú

Ní chomhlionann cruthú na catagóire nua d'fhionta dí-alcólaithe an sainmhíniú ar fhíon a leagtar síos in Iarscríbhinn VII, Cuid II den Rialachán maidir le comheagrú na margai talmhaíochta (CEM). Ní mór cumhráin a chur le fionta dí-alcólaithe mar chúiteamh as alcól a chailleadh agus is ionann iad agus táirgí tionsclaíocha. Ní féidir leis na táirgí fíona seo a bheith faoi réir rialacha CEM ach faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 251/2014 maidir le fionta cumhraithe.

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(21) Is den riachtanas foráil a dhéanamh le haghaidh sainmhínithe ar tháirgí fíniúna dí-alcólaithe agus ar tháirgí fíniúna páirt-dhí-alcólaithe. Ba chóir a thabhairt san áireamh sna sainmhínithe sin na sainmhínithe atá leagtha amach i Rúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV), OIV-ECO 433-2012 *Beverage Obtained By Partial Dealcoholisation of Wine* ('Deochanna ó pháirt-dhí-alcólú fíona') agus OIV-ECO 523-2016 *Wine With An Alcohol Content Modified by Dealcoholisation* ('Fíon a ndearnadh a chion alcóil a mhodhnú trí dhí-alcólú'). *scriosta*

Or. fr

Réasúnú

Ní chomhlionann cruthú na catagóire nua d'fhionta dí-alcólaithe an sainmhíniú ar fhíon a leagtar síos in Iarscríbhinn VII, Cuid II den Rialachán maidir le comheagrú na margai

talmhaíochta (CEM). Ní mór cumhráin a chur le fionta dí-alcólaithe mar chúiteamh as alcól a chailleadh agus is ionann iad agus táirgí tionsclaíocha. Ní féidir leis na táirgí fiona seo a bheith faoi réir rialacha CEM ach faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 251/2014 maidir le fionta cumhraithe.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22) Chun a áirithiú go mbeidh na rialacha lena rialaítear lipéadú agus cur i láthair na dtáirgí in earnáil an fhíona á gcur de cheangal freisin ar tháirgí fíniúna ó dhí-alcólú agus ó pháirt-dhí-alcólú, chun na rialacha a bhunú lena rialófar na próisis dhí-alcólúcháin le haghaidh táirgeadh táirgí áirithe fíniúna ó dhí-alcólú nó ó pháirt-dhí-alcólú san Aontas, chomh maith le rialacha, a bhaineann le coinníollacha úsáide dúntán in earnáil an fhíona, a mbeidh d'fheidhm acu a áirithiú go mbeidh cosaint ag na tomhaltóirí ar úsáid mhíthreorach a bheith á baint as dúntáin áirithe a bhaineann le deochanna áirithe agus chun a áirithiú go mbeidh cosaint ag tomhaltóirí ar dhéan-ábhair dhíobhálacha dúntán a d'fhéadfadh na deochanna a éilliú, ba chóir a tharmligean don Choimisiún, ar feadh a mbaineann le leasuithe a dhéanamh ar na forálacha ábhartha i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, an chumhacht le gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaíthe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an

scriosta

13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am amháin a bhfaighidh na saineolaithe sna Ballstáit iad, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin áit a mbeifear ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Or. fr

Réasúnú

Ní chomhlíonann cruthú na catagóire nua d'fhionta dí-alcólaithe an sainmhíniú ar fhíon a leagtar síos in Iarscríbhinn VII, Cuid II den Rialachán maidir le comheagrú na margai talmhaíochta (CEM). Ní mór cumhráin a chur le fionta dí-alcólaithe mar chúiteamh as alcól a chailleadh agus is ionann iad agus táirgí tionsclaíocha. Ní féidir leis na táirgí fíona seo a bheith faoi réir rialacha CEM ach faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 251/2014 maidir le fionta cumhraithe.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 1 – mír 1

An téacs atá ann

1. Bunaítear leis an Rialachán seo comheagrú na margai i gcás táirgí talmhaíochta, lena gcuimseofar na táirgí ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe. mar a shainmhínítear iad i ngníomhartha reachtacha Aontais maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus uiscshaothraithe.

Leasú

-1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Bunaítear leis an Rialachán seo comheagrú na margai i gcás táirgí talmhaíochta, lena gcuimseofar na táirgí ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe. mar a shainmhínítear iad i ngníomhartha reachtacha Aontais maidir le comheagrú an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus uiscshaothraithe. ***Sainmhínítear leis an Rialachán seo caighdeáin phoiblí, rialacha lena n-áirithítear trédhearcacht sa mhargadh agus uirlisí bainistithe***

géarchéime lenar féidir le comhlachtaí poiblí, agus go príomha an Coimisiún, faireachán a dhéanamh ar mhargáí talmhaíochta, iad a bhainistiú agus a rialú. Leis an Rialachán seo tugtar le chéile na hacmhainní atá ar fáil don Choimisiún chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh ó thaobh comhair de leis na húdaráis atá freagrach as na margáí airgeadais a rialáil mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 65/2014 agus i Rialachán (CE) Uimh. 596/2014.”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúimú

Trí na hidirghabhálacha eanála a scríosadh ón Rialachán maidir le CEM agus iad a chomhtháthú leis an Rialachán nua maidir le Pleananna Straitéiseacha, athdhírionn an Coimisiún an Rialachán maidir le CEM ar na luamháin atá ar fáil do chomhlachtaí poiblí chun feidhmiú na margáí a fheabhsú trí shainmhíniú a thabhairt ar chaighdeáin phoiblí, ar rialacha maidir le trédhearcacht agus ar mhodhanna gníomhaíochta atá ann in aghaidh géarchéimeanna. Soiléirítear sa leasú atá beartaithe freisin an oibleagáid atá ann maidir le comhar le húdaráis rialála na margáí airgeadais de thoradh an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Margáí Airgeadais (MiFID II, Airteagal 79(7)) agus an Rialacháin maidir le Drochúsáid an Mhargaidh (MAR – Airteagal 25).

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 7 – mír 1 – pointe f

An téacs atá ann

(f) maidir le muiceoil, EUR **1509.39** in aghaidh an tona i gcomhair conablach muc de cháilíocht chaighdeánach arna sainiú i dtéarmaí meáchain agus cion feola trua mar atá leagtha síos i scála an Aontais um aicmiú conablach muc dá dtagraítear i bpointe B d'Iarscríbhinn IV mar seo a

Leasú

3a. In Airteagal 7(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) maidir le muiceoil, EUR **1,400** in aghaidh an tona i gcomhair conablach muc de cháilíocht chaighdeánach arna sainiú i dtéarmaí meáchain agus cion feola trua mar atá leagtha síos i scála an Aontais um aicmiú conablach muc dá dtagraítear i bpointe B d'Iarscríbhinn IV mar seo a

leanas: (i) conablaigh a bhfuil idir 60 agus níos lú ná 120 cileagram iontu: grád E; (ii) conablaigh a bhfuil idir 120 agus 180 cileagram iontu: grád R.

leanas: i) conablaigh a bhfuil idir 60 agus níos lú ná 120 cileagram iontu: grád E; ii) conablaigh a bhfuil idir 120 agus 180 cileagram iontu: grád R. "

Or. fr

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>

Réasúinú

Ní dhearnadh laghdú ar an bpraghas idirghabhála do mhúiceoil de réir mar a tharla sna cásanna eile toisc nach raibh baint ag múiceoil leis an idirghabháil phoiblí a thuilleadh. Chun an loighic maidir le líontán sábhála a choinneáil faoi bhun chostais an táirgthe, tá sé beartaithe an tairseach sin a choigeartú beagán.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 b (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 7 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3b) I mír 1 d’Airteagal 7, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ga) i gcás uaineola, EUR 4 500 in aghaidh an tona le haghaidh conablaigh uaineola níos lú ná 12 mhí d’aois.

Or. fr

Réasúinú

Tá an praghas idirghabhála i gcomhair uaineola socraithe chun a bheith ina líontán sábhála i gcás géarchéim thromchúiseach sa mhargadh. Tá sé faoi bhun chostais an táirgthe agus na cinn atá ann le 5 bliana anuas.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 c (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 7 – mír 2

2. Coimeádfaidh an Coimisiún na tairseacha tagartha dá bhforáiltear i mír 1 faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé na critéir oibiachtúla san áireamh, go háirithe forbairtí i dtáirgeadh, i gcostais táirgeachta (go háirithe ionchuir) agus i dtreochtaí an mhargaidh. **Más gá**, déanfar na tairseacha tagartha sin a nuashonrú **i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachta i bhfianaise na bhforbairtí i dtáirgeadh agus sna margáí.**

3c. in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

" 2. Coimeádfaidh an Coimisiún na tairseacha tagartha dá bhforáiltear i mír 1 faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé na critéir oibiachtúla san áireamh, go háirithe forbairtí i dtáirgeadh, i gcostais táirgeachta (go háirithe ionchuir) agus i dtreochtaí an mhargaidh. déanfar na tairseacha tagartha sin a nuashonrú **gach bliain chun boilsciú a chur san áireamh.** "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Ní dhearnadh na tairseacha tagartha a nuashonrú ó laghdaíodh iad i lár na 2000idí. Tá a n-innéacsú boilscithe bunaithe ar leibhéal atá i bhfad níos ísle ná meánchostais Eorpacha táirgeachta, agus dá bhri sin ní féidir éifeacht bhoilscithe fhéinchothabhálach a chruthú leis an innéacsú sin, ach beifear in ann líontán sábhála a ardú, rud atá ar leibhéal ró-íseal faoi láthair.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 d (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 11 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3d) In Airteagal 11, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ea) siúcra bán;

Or. fr

Réasúnú

Tá baol tromchúiseach d'earnáil na gcaorach agus d'earnáil na muc mar gheall ar shuaitheadh sa mhargadh, amhail Brexit agus cúrsaí sláinte (fiabhras muc). Cúis imní ná staid mhargadh an tsiúcra. Tá na trí tháirge sin ar na cinn a d'fheadfadh tairbhe a bhaint as stóráil phríobháideach agus mar sin tá sé beartaithe iad a chur ar liosta na dtáirgí atá incháilithe le haghaidh idirghabháil phoiblí.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 e (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 11 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3e) In Airteagal 11, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

eb) feoil caorach, bíodh sí úr, fuaraithe nó reoite faoi réir chód AC 0204;

Or. fr

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 f (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 11 – pointe e c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3f) In Airteagal 11, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ec) feoil mhúice, bíodh sí úr, fuaraithe nó reoite faoi réir chód AC 203

Or. fr

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 g (nua)

An téacs atá ann

Airteagal 12

Tréimhsí idirghabhála poiblí

Beidh idirghabháil phoiblí le fáil i gcomhair an méid seo a leanas:

- (a) gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua (durum), eorna agus arbhar indiach, **ón 1 Samhain go dtí an 31 Bealtaine;**
- (b) rís gan scilligeadh, **ón 1 Aibreán go dtí an 31 Iúil;**
- (c) mairteoil agus laofheoil, ar feadh na bliana;
- (d) im agus bainne bearrtha triomaithe, **ón 1 Márta go 30 Meán Fómhair.**

Leasú

3g) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

“Airteagal 12

Tréimhsí idirghabhála poiblí

Beidh idirghabháil phoiblí le fáil i gcomhair an méid seo a leanas:

- (a) gnáthchruithneacht, cruithneacht chrua (durum), eorna agus arbhar Indiach; **ar feadh na bliana;**
 - (b) rís gan scilligeadh, **ar feadh na bliana;**
 - (c) mairteoil agus laofheoil, ar feadh na bliana;
 - (d) im agus bainne bearrtha triomaithe, **ar feadh na bliana;**
- da) mairteoil, ar feadh na bliana;**
db) muiceoil, ar feadh na bliana;
dc) siúcra bán, ar feadh na bliana. ”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Íslíodh na tairseacha tagartha le haghaidh idirghabhála sna hathchóirithe roimhe seo go leibhéal atá íseal go leor ionas nach féidir leo a bheith ina n-asraon uathoibríoch mar a bhí amhlaidh sna 1980í go háirithe. Dá bhrí sin, ní gá an idirghabháil a choinneáil tráthanna áirithe: chuirfeadh sin ar chumas an rialálaí aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna. B’ábhar imní é sin, dar linn, le linn na géarchéime déiríochta deireanaí.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 h (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

3h) In Airteagal 16 cuirtear an mhír 6 a leanas isteach:

3a. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le faisnéis a bhaineann le céannacht na ngnólachtaí a bhaineann leas as idirghabháil phoiblí agus ceannaitheoirí stoc idirghabhála poiblí d'fhonn a bheith ábalta freagairt do mhír 1 agus do mhír 2.

Or. fr

Réasúnú

An fhaisnéis maidir le céannacht na gceannaitheoirí stoc idirghabhála poiblí, ní chuirtear í sin in iúl don Choimisiún ar bhonn córasach, agus mar sin ní féidir leis an gCoimisiún éifeachtaí shuaitheadh an mhargaidh a léiriú agus comhlíonadh comhaontuithe idirnáisiúnta a áirithiú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é gur féidir díol na stoc a chur i gcrích leis na nósanna imeachta tairisceana ar leibhéal atá i bhfad níos ísle ná an praghas ceannaigh, agus gur féidir an difreálach a mheas mar chineál tacaíochta.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 61

An téacs atá ann

Airteagal 61

Ré

Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe finiúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo, ***beidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2030, agus déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú meántearma chun meastóireacht a dhéanamh ar oibriú na scéime*** agus, más iomchuí, tograí a

Leasú

4a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 61:

“Airteagal 61

Ré

Scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe finiúnacha a bunaíodh sa Chaibidil seo, ***beidh sí faoi réir athbhreithnithe ag an gCoimisiún in 2023 chun meastóireacht a dhéanamh aroibriú d'fhonn más iomchuí, tograí a dhéanamh chun a héifeachtúlacht a fheabhsú.***”

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32013R1308>)

Réasúnú

Is díol sásaimh é gur cuireadh i bhfeidhm scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe finiúnacha, rud a tháinig in ionad scéim na gceart plandála le linn athchóiriú 2013. Dá bhri sin tá sé riachtanach an scéim a chothabháil agus san am céanna an oibleagáid i leith meastóireachta a chaomhnú chun an scéim a fheabhsú más gá. An dáta a roghnaíodh, tá sé luath go leor ionas go mbeifí in ann torthaí na meastóireachta a úsáid le haghaidh obair ullmhúcháin don chéad tréimhse eile.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 63 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5a) I mír 2 d’Airteagal 63, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ba) chun críche scéim na n-údaruithe i gcomhair planduithe finiúnacha a bhainistiú, féadfaidh na Ballstáit, i gcás inar gá ar an leibhéal réigiúnach, achar uasta idir céim cheannláthair an ghabháltais fionsaothrúcháin agus an dáileacht talún is iargúlta a shainiú.

Réasúnú

Tá sé riachtanach sainmhíniú de ghabháltas talmhaíochta a oiriúnú chun fionsaothrú a chur san áireamh. Faoi láthair, sainmhínítear gabháltas talmhaíochta i Rialachán 1307/2013 mar na dáileachtaí talún uile a oibríonn an t-eintiteas dlíthiúil céanna ar fud chríoch iomlán an Bhallstáit. Níl an sainmhíniú sin in oiriúint ná comhsheasmhach le cur chuige réigiúnach i leith bhainistiú ionchas tháirge an fhionsaothraithe.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 63 – mír 3 – pointe b

An téacs atá ann

(b) chun riosca *dea-léirithe* díluachála a sheachaint i gcás sonrúchán tionscnaimh *áirithe* faoi chosaint nó tásca geografach áirithe faoi chosaint.

Leasú

5b) in Airteagal 63(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) chun riosca díluachála a sheachaint i gcás sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint.”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32013R1308>)

Réasúnú

Tá an fhoclaíocht reatha i bpointe b) deacair a thuiscint agus soiléirítear í trí phointe c)

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 63 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5c) I mír 3 d’Airteagal 63, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

(ba) an fonn rannchuidiú le forbairt na dtáirgí lena mbaineann agus san am céanna a gcáilíocht a chaomhnú.

Or. fr

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 d (nua)

An téacs atá ann

Leasú

Féadfaidh na Ballstáit, chun críche an Airteagail seo, ceann amháin nó níos mó de na critéir incháilitheachta, atá oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, a chur i bhfeidhm:

5d) Sa chéad fhomhír d’Airteagal 64(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

“Féadfaidh na Ballstáit, chun críche an Airteagail seo, **ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach**, ceann amháin nó níos mó de na critéir incháilitheachta, atá oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, a chur i bhfeidhm: ”

Or. fr

Réasúnú

Agus údaruithe i gcomhair planduithe nua á ndeonú ag na Ballstáit, féadfaidh siad critéir incháilitheachta a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta; leis an leasú seo soiléirítear gur féidir é sin a dhéanamh ar an leibhéal réigiúnach.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 e (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 65 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5e) In Airteagal 65, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

Agus Airteagal 63(2) á chur i bhfeidhm acu, cuirfidh Ballstát ar bun nós imeachta oifigiúil lena gcuirfear ar a chumas tuairimí ó eagraíochtaí gairmiúla réigiúnacha ionadaíocha a chur san áireamh i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit sin.

Or. fr

Réasúnú

Tá sé tábhachtach go bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí gairmiúla náisiúnta agus réigiúnacha bainteach leis an nós imeachta maidir le húdaruithe i gcomhair planduithe nua a eisiúint, mar a fhoráiltear in Airteagal 63(2).

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 f (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 73

An téacs atá ann

Airteagal 73

Raon Feidhme

Gan dochar d'aon fhorálacha eile is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta, agus gan dochar do na forálacha a glacadh in earnáil na tréidliachta, san earnáil fiteashláintíochta agus in earnáil an bhia lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí caighdeáin sláinteachais agus sláinte agus chun sláinte ainmhithe, plandaí agus daoine a chosaint, leagtar síos sa Roinn seo na rialacha maidir leis an gcaighdeán ginearálta margaíochta agus caighdeáin mhargaíochta de réir earnála agus/nó táirge i gcás táirgí talmhaíochta.

Leasú

5f) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 73:

“Airteagal 73

Raon Feidhme

Gan dochar d'aon fhorálacha eile is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta, agus gan dochar do na forálacha a glacadh in earnáil na tréidliachta, san earnáil fiteashláintíochta agus in earnáil an bhia lena áirithiú go gcomhlíonann táirgí caighdeáin sláinteachais agus sláinte agus chun sláinte ainmhithe, plandaí agus daoine a chosaint, **agus chun iomaíocht chóir idir táirgeoirí Eorpacha agus tríú tíortha a áirithiú**, leagtar síos sa Roinn seo na rialacha maidir leis an gcaighdeán ginearálta margaíochta agus caighdeáin mhargaíochta de réir earnála agus/nó táirge i gcás táirgí talmhaíochta”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Socraíonn CEM na rialacha margaíochta le haghaidh líon mór táirgí. Gan na rialacha sin a chomhlíonadh, ní féidir táirgí a chur ar mhargadh AE. Leis na caighdeáin mhargaíochta sin, ní foláir go n-urramófar dálaí cothroma iomaíochta na dtáirgeoirí Eorpacha agus na dtríú tíortha araon, chun

prionsabal an chomhionannais a áirithiú.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 g (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 75 – mír 1 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5g) I mír 1 d’Airteagal 75, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ia) mairteoil;

Or. fr

Réasúnú

Faoi láthair, ní áirítear earnáil na mairteola ar liosta na n-earnálacha ar féidir caighdeáin mhargaíochta a shocrú ina leith.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 h (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 75 – pointe 1 – pointe i b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5h) I mír 1 d’Airteagal 75, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ib) caoireoil;

Or. fr

Réasúnú

Faoi láthair, ní áirítear earnáil na caoireola ar liosta na n-earnálacha ar féidir caighdeáin mhargaíochta a shocrú ina leith.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 i (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 75 – pointe 1 – pointe i c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5i) I mír 1 d’Airteagal 75, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ic) muiceoil;

Or. fr

Réasúnú

Faoi láthair, ní áirítear earnáil na muiceola ar liosta na n-earnálacha ar féidir caighdeáin mhargaíochta a shocrú ina leith.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 j (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 75 – mír 1 – pointe i d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5j) I mír 1 d’Airteagal 75, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

id) bainne agus táirgí déiríochta

Or. fr

Réasúnú

Faoi láthair, ní áirítear earnáil an bhainne agus na dtáirgí déiríochta ar liosta na n-earnálacha ar féidir caighdeáin mhargaíochta a shocrú ina leith.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 k (nua)

An téacs atá ann

Leasú

(g) cineál na feirmeoireachta agus an modh táirgeachta lena n-áirítear cleachtais fhíoneolaíocha agus ardchórais táirgthe inbhuanaithe;

(5k) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 pointe (g) in Airteagal 75:

“(g) cineál na feirmeoireachta agus an modh táirgeachta lena n-áirítear cleachtais fhíoneolaíocha, **cleachtais maidir le cothú ainmhithe** agus ardchórais táirgthe inbhuanaithe; ”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúiní

D'fhéadfadh an bealach a gcothaítear ainmhithe a áireamh ar chleachtais mhargaíochta.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 51 (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 75 – mír 3 – pointe j

An téacs atá ann

Leasú

(j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh, **gan feoil éanlaithe ná saille inleata a áireamh;**

5l) In Airteagal 75(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe j):

“(j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh ”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúiní

Bíonn tomhaltóirí AE ag súil le bheith ar an eolas faoi láithreacha táirgthe agus áiteanna tionscnaimh na dtáirgí a cheannaíonn sí.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 m (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 75 – mír 3 – pointe m a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5m) I mír 3 d’Airteagal 75, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ma) leas na n-ainmhithe.

Or. fr

Réasúnú

Féadfaidh leas na n-ainmhithe a bheith faoi réir caighdeáin mhargaíochta.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – fómhír 9 – pointe a

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 93 – mír 1 – pointe a – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(i) ar timpeallacht gheografach ar leith gona gnéithe dúchasacha nádúrtha, agus ***más iomchuí sin***, gona gnéithe daonna, is cúis, go bunúsach nó go heisiach, lena cháilíocht nó lena shaintréithe;

(i) ar timpeallacht gheografach ar leith agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin is cúis, go bunúsach nó go heisiach, lena cháilíocht agus a shaintréithe;

Or. fr

Réasúnú

Leis an sainmhíniú ar shonrúchán tionscnaimh sa leasú, ionchorpraítear an sainmhíniú a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta i gConradh Liospóin, agus san am céanna sainiúlacht AE a chur san áireamh.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 9 – pointe a

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 93 – mír 1 – pointe a – pointe ii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

ii a) In Airteagal 93(1)(c), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

ii a) i gcás ina n-úsáidtear an t-ainm laistigh d'áit shonrach;

Or. fr

Réasúnú

Leis an sainmhíniú ar shonrúchán tionscnaimh sa leasú, ionchorpraítear an sainmhíniú a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta i gConradh Liospóin.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 9 – pointe a

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 93 – mír 1 – pointe a – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(v) ar ó chineál finiúna a bhaineann le *Vitis vinifera* é nó *ó* chrosáil na speiceas *Vitis vinifera* le speicis eile den ghéineas *Vitis*.;

(v) ar ó chineál finiúna a bhaineann le finiúin choiteann (*Vitis vinifera*) nó *le finiúin shionnachúil (Vitis Labrusca)* nó *ó* chrosáil na speiceas *finiúin choiteann, finiúin shionnachúil* agus speicis eile den ghéineas *Vitis*.;

Or. fr

Réasúnú

Molann an Coimisiún go méadófaí cineálacha na gcaor finiúna arna n-údarú le haghaidh plandaithe agus athphlandaithe. Ní mór do tháirgeoirí fíona, más mian leo déanamh amhlaidh, a bheith in ann na cineálacha nua sin a úsáid i dtáirgí a bhfuil sonrúchán tionscnaimh acu, má chinneann a Stát iad a rangú agus dá réir sin iad a údarú ina gcríoch.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 103 – mír 2 – pointe a – pointe ii

An téacs atá ann

(ii) a mhéid is a bhaineann an úsáid sin leas as an gcáil atá ag sonrúchán tionscnaimh nó ag tásc geografach;

Leasú

13a) I bpointe (a) d’Airteagal 103(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

“(ii) a mhéid is a bhaintear, tríd an úsáid sin, leas as an gcáil atá ag sonrúchán tionscnaimh nó ag tásc geografach, **nó go ndéantar í a lagú nó a chaolú;**”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32013R1308>)

Réasúnú

Féachtar leis an leasú seo le neartú a dhéanamh ar an struchtúr cosanta atá ag sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ag tásc geografach faoi chosaint in earnáil an fhíona.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 b (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 103 – mír 2 – pointe b

An téacs atá ann

(b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má shonraítear fíorthionscnamh an táirge nó na seirbhíse nó má dhéantar an t-ainm faoi chosaint a aistriú, a thras-scríobh nó a thraslitríú nó má chuirtear nath mar "stíl", "cineál", "modh", "mar a tháirgtear in", "aithris", "blas", "cosúil" nó nath comhchosúil éigin leis;

Leasú

13b) in Airteagal 103(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) aon mhí-úsáid, aon aithris nó aon tabhairt chun cuimhne, fiú má thugtar fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí le fios nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear slonn ar nós “stíl”, “cineál”, “modh”, faoi mar a tháirgtear í”, “aithris” nó rud éigin dá samhail leis, lena n-áirítear nuair a úsáidtear na táirgí sin mar chomhábhar, **lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear na**

táirgí sin mar chomhábhair. "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32013R1308>)

Réasúinú

Tá sé tábhachtach neartú a dhéanamh ar an struchtúr cosanta atá ag sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ag tásc geografach faoi chosaint in earnáil an fhíona i gcás ina n-úsáidtear iad mar chomhábhair i dtáirge bia. Tá an fhoráil sin ann cheana i Rialachán Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 c (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 103 – mír 2 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

13c) I mír 2 d’Airteagal 103, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

da) aon fhaisnéis, de mheon mímhacánta, maidir le hainm fearainn atá cosúil le hainm faoi chosaint, nó a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis lena cheapadh gurb ionann ainm fearainn agus ainm faoi chosaint, i bpáirt nó go hiomlán.

Or. fr

Réasúinú

Tá sé tábhachtach cosaint na dtáscairí geografacha ar líne a neartú tríd an reachtaíocht atá ann cheana a chomhlánú. Baineann sé sin le hainmneacha fearainn go háirithe.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 116a – mír 3 a (nua)

3a. Chun comhlíonadh na sonraíochtaí a áirithiú, féadfaidh na húdaráis chigireachta inniúla nó na comhlachtaí tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 90(3) de Rialachán Uimh. 1306/2013 faireachán a dhéanamh ar na hoibreoirí arna mbunú i mBallstát eile fad a bheidh baint acu le pacáistiú táirge dá bhfuil STFC cláraithe ina gcíoch. I bhfianaise na muiníne atá ag oibreoirí agus a dtáirgí as torthaí ón bhfaireachán roimh ré, féadfaidh na comhlachtaí tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 90(3) de Rialachán Uimh. 1306/2013 a gcuid gníomhartha a dhíriú ar na príomhphointí a bheidh le seiceáil leis na sonraíochtaí arna sainmhíniú roimh ré agus iad a chur in iúl do na hoibreoirí sin.

Or. fr

Réasúnú

Tá lochtanna ann faoi láthair maidir le rialú fionta STFC a luaithe a fhágann siad an Ballstát ina dtáirgtear iad. Ní mór comhlachtaí rialaithe fiona a bheith in ann chun seiceálacha a dhéanamh nó iad a chur á ndéanamh i mBallstát eile chun an chalaouis a chosc agus chun a ráthú do thomhaltóirí gur táirge barántúil atá ann.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 119 – mír 1 – pointe g a (nua)

aa) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

ga) an dearbhú cothúcháin a bhféadfaí a luach a theorannú don luach fuinnimh amháin

Réasúnú

Ní mór luach fuinnimh na bhfionta a bheith ar an lipéad.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a b (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 119 – mír 1 – pointe g b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

ab) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

gb) liosta na gcomhábhar

Or. fr

Réasúnú

Ní mór liosta na gcomhábhar le haghaidh fionta a bheith ar an lipéad.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe a c (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 119 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

ac) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

3a. De mhaolú ar mhír 1 (gb), féadfar liosta na gcomhábhar a chur in iúl ar mhodh seachas ar an lipéad, ar choinnioll go bhfuil nasc díreach soiléir le feiceáil ar an lipéad. Níor cheart é a chur i láthair in éineacht le faisnéis eile a bhaineann le críocha trádála nó margaióchta.

Or. fr

Réasúnú

Maolú atá sa leasú seo ón gceanglas maidir le comhábhair a liostú ar lipéad buidéal fiona. Féadfar léiriú sainordaitheach na gcomhábhar a dhéanamh ar mhodh dí-ábharaithe.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a d (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 119 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

ad) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

3b. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach mhír 1 (ga) a áirithiú, déanfar an luach fuinnimh a shloinneadh in aghaidh 100 ml. Féadfar é a shloinneadh mar chuid nó mar aonad, ar choinníoll go ndéanfar an chuid nó an t-aonad a chainníochtú agus go ndéanfar líon na gcodanna nó na n-aonad a léiriú ar an bpacáiste. Maidir leis an luach fuinnimh:

(a) déanfar é a ríomh trí úsáid a bhaint as na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán 1169/2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí.

(b) déanfar é a chur in iúl mar mheánluachanna arna sonrú ar bhonn na níthe seo a leanas:

(i) an anailís a dhéanann an táirgeoir ar an táirge, nó

(ii) sonraí atá bunaithe go ginearálta agus a nglactar go ginearálta leo i gcás cineálacha éagsúla fiona.

Or. fr

Réasúnú

Leis an leasú sonrú far faisnéis maidir le luach fuinnimh na bhfionta a mheas.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 121 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

19a) In Airteagal 121 cuirtear an mhír 6 a leanas isteach:

2a. Agus an dearbhú cothúcháin dá dtagraítear in Airteagal 119(1)(ga) á chur i láthair, féadfar an litir E a chur in ionad an fhocail “fuinneamh”.

Or. fr

Réasúnú

An léiriú sainordaitheach den fhocal “fuinneamh” ar an mbuidéal, d’fhéadfadh sé a bheith san fhoirm “E” agus ní gá go mbeadh sé sin i dteanga oifigiúil amháin nó níos mó de chuid an Aontais, rud a bheadh níos simplí do tháirgeoirí fíona agus a d’isleodh costais lipéadaithe.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe a a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 122 – mír 1 – pointe b – pointe v a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) cuirtear isteach an pointe seo a leanas i bpointe (b):

(va) na forálacha maidir le hAirteagal 119(1)(ga)

Or. fr

Réasúnú

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le rialacha um lipéadú i ndáil le luach fuinnimh an fhíona.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe a b (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 122 – mír 1 – pointe b – pointe v b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ab) cuirtear isteach an pointe seo a leanas i bpointe (b):

(vb) na forálacha maidir le hAirteagal 119(1)(gb)

Or. fr

Réasúnú

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le rialacha um lipéadú i ndáil leis an liosta comhábhar atá san fhíon.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 149 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22a) Scriostar pointe (a) in Airteagal 149(2).

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539620431206&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Ní bhaineann gníomhaíocht na cómhargála thar ceann feirmeoirí ar baill iad d'eagraíocht agus le haghaidh na gcuntas sin ach leis na struchtúir neamhthráchtála amháin gan aistriú maoine. Ciallaíonn sé sin gurb iad na comharchumainn a dhíolann táirgeacht a gcuid comhaltai úinéirí na táirgeachta sin agus ní dhéanann an chómhargáil difear dóibh mar sin toisc go ngníomhaíonn siad mar aon eintiteas amháin. Cuirtear an bainne i gcomhréir le hAirteagal 152(1a) tríd an tagairt d'aistriú úinéireachta a scriosadh

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 151 – mír 1

An téacs atá ann

Amhail ón 1 Aibreán 2015, dearbhóidh céad cheannaitheoirí an bhainne amh don údarás inniúil náisiúnta cainníocht an bhainne amh a sheachadtar orthu gach mí.

Leasú

(22b) in Airteagal 151, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘Amhail ón 1 Aibreán 2015, dearbhóidh céad cheannaitheoirí an bhainne amh don údarás inniúil náisiúnta cainníocht an bhainne amh a sheachadtar orthu gach mí **mar aon leis an praghas a ghearrtar. Déantar idirdhealú bunaithe ar cé acu a thagann an táirgeacht ó thalmhaíocht orgánach nó nach dtagann. ”**

Or. fr

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1539867679665&uri=CELEX:02013R1308-20180101>

Réasúnú

Chun faireachán níos fearr ar mhargadh an bhainne a áirithiú, iarrfar na meánphraghsanna a ghearrtar anuas ar chainníochtaí an bhainne amh a bhailítear. Tá an nós imeachta tuairiscithe i bhfeidhm cheana féin, ní gá ach bailiú sonraí breise a chur leis. Níl an argóint go bhféadfai moill a chur le bailiú na faisnéise faoi mhéid mar gheall ar an socrú praghsanna inghlactha: Is é cuspóir Airteagal 148 bailitheoirí a spreagadh an praghas ceannaigh a shocrú a luaithe is féidir i gconarthaí scríofa.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 151 – mír 3

An téacs atá ann

Leasú

22c) in Airteagal 151, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le cainníocht an bhainne amh *dá dtagraítear* sa chéad fhomhír.

‘Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le cainníocht an bhainne amh agus *an meánphraghas dá dtagraítear* sa chéad fhomhír. ’’

Or. fr

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1539867679665&uri=CELEX:02013R1308-20180101>

Réasúnú

Chun faireachán níos fearr ar mhargadh an bhainne a áirithiú, iarrfar na meánphraghsanna a ghearrtar anuas ar chainníochtaí an bhainne amh a bhailítear. Tá an nós imeachta tuairiscithe i bhfeidhm cheana féin, ní gá ach bailiú sonraí breise a chur leis. Níl an argóint go bhféadfaí moill a chur le bailiú na faisnéise faoi mhéid mar gheall ar an socrú praghsanna inghlactha: Is é cuspóir Airteagal 148 bailitheoirí a spreagadh an praghas ceannaigh a shocrú a luaithe is féidir i gconarthaí scríofa.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 d (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 152 – mír 1a – fomhír 1

An téacs atá ann

De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo táirgeacht a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe agus conarthaí a chur ar an margadh agus a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeacht iomlán nó do chuid dá dtáirgeacht.

Leasú

22d) in Airteagal 152(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Féadfaidh *eagraíocht* táirgeoirí a aithnítear de bhun 1 den Airteagal seo táirgeacht a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe agus conarthaí a chur ar an margadh agus a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeacht iomlán nó do chuid dá dtáirgeacht, *ar choinníoll go bhfeidhmítear i ndáiríre ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b)(i–vii) de mhír 1, agus go gcuirtear, ar an gcaoi sin, le comhlíonadh na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 39 CFAE.*

Féadfar gníomhaíocht na cómhargála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a

dhéanamh: "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539620431206&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Is deacair na comhaontuithe agus na cinntí praiticiúla a thagann faoi mhisin agus faoi chuspóirí eagraíochtaí na dtairgeoirí arna sainiú faoi CBT a bhaint amach mar a mheabhraigh Abhchóide Ginearálta Wahl agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais i gcás cúirte Endives maidir le rialacha iomaíochta a chur i bhfeidhm. Is díolúine é seo a eascraíonn as an ngá atá le comhlíonadh na gcúraimí arna gcur ar phríomhghníomhaithe na n-eagraíochtaí idirchraoibhe ag an reachtóir. Níl an tagairt d'Airteagal 101(1) den Chonradh ábhartha a thuilleadh.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 e (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 152 – mír 1a – fómhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22e) Scriostar pointe (a) de mhír 1(a) d'Airteagal 152.

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539620431206&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Tá an chuid sin scriosta toisc go gcuirtear san áireamh í i mír 1 d'Airteagal 152(a) atá leasaithe. Leis na leasuithe sin, déantar Airteagal 152(1a) a shoiléiriú.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 f (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 152 – mír 1a – fómhír 2 – pointe b

An téacs atá ann

Leasú

(b) ar choinníoll go gcomhchruinníonn an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirgí a cuid comhaltaí ar an margadh, ***cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn*** na táirgeoirí úinéireacht ***na*** dtáirgí talmhaíochta chuig an eagraíocht táirgeoirí

(22f) in Airteagal 152(1a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) ar choinníoll go gcomhchruinníonn an eagraíocht táirgeoirí an soláthar agus go gcuireann sí táirgí a cuid comhaltaí ar an margadh, ***gan*** úinéireacht ***na*** dtáirgí ***sin*** chuig an eagraíocht táirgeoirí; "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539620431206&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Ní bhaineann gníomhaíocht na cómhargála thar ceann feirmeoirí ar baill iad d'eagraíocht agus le haghaidh na gcuntas sin ach leis na struchtúir neamhthráchtála amháin gan aistriú maoine. Ciallaíonn sé sin gurb iad na heagraíochtaí táirgeoirí, amhail na comharchumainn a dhíolann táirgeacht a gcuid ball, úinéirí na táirgeachta sin agus ní bhaineann an chómhargáil leo mar sin mar go ngníomhaíonn siad mar aon eintiteas amháin. Ba cheart an tagairt d'aistriú na húinéireachta a scriosadh mar sin

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 g (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 157 – mír 1 – pointe c – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann

Leasú

(c) a shaothraíonn aidhm ar leith, agus leasa a gcuid comhaltaí agus a gcuid tomhaltóirí á gcur san áireamh acu a n-áireofar orthu, go háirithe, ceann de na cuspóirí a leanas:

(22g) in Airteagal 157(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) a shaothraíonn aidhm ar leith, agus leasanna a gcuid comhaltaí ***ar fad*** agus a gcuid tomhaltóirí á gcur san áireamh acu lena bhféadfar ceann de na cuspóirí seo a leanas a áireamh: "

Or. fr

Réasúnú

Ba cheart go ndéanfadh eagraíochtaí idirchraoibhe gach iarracht leasanna a gcomhaltaí uile a chosaint, lena n-áirítear leasanna na ngníomhaithe is leochailí ó thaobh na heacnamaíochta de nó leasanna na ngníomhaithe atá páirteach i dtáirgeadh nó i ngníomhaíochtaí níos imeallaí.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 h (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 157 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22h) I mír 1 d’Airteagal 157, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

(ca) ranncuidiú le trédhearcacht an chaidrimh tráchtála a fheabhsú idir na naisc éagsúla sa slabhra, go háirithe trí chomhlíonadh na gcaighdeáin theicniúla a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a rialú ag oibreoirí sa slabhra a rialú;

Or. fr

Réasúnú

Féadfaidh na heagraíochtaí idirchraoibhe rialacha maidir le margú táirgí a ghlacadh anois. Ach féadfaidh siad rialacha teicniúla a ghlacadh chomh maith (méid saille, feoil mharmarach...) agus é mar aidhm leo measúnú ar shaintréithe táirge sa slabhra bia a chomhchuíbhiú ionas nach saobhfár an iomaíocht idir na hoibreoirí. Mar sin, ba cheart go mbeadh sé de chúram ar na n-eagraíochtaí idirchraoibhe cur chun feidhme agus rialú na gcaighdeán teicniúil sin a áirithiú.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 i (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 157 – mír 1 – pointe v

(v) gan dochar do na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 148 agus in Airteagal 168, leaganacha caighdeánacha de chonarthaí a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta a dhíol le ceannaitheoirí nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh;

(22i) In Airteagal 157(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

"(v) gan dochar do na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 148 agus in Airteagal 168, leaganacha caighdeánacha de chonarthaí **a a bhféadfaidh dhá oibreoir nó níos mó an tslabhra a bheith i gceist leo**, a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta a dhíol le ceannaitheoirí nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le dálaí cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh; **féadfar táscairí ábhartha, táscairí eacnamaíochta, innéacsanna eacnamaíochta arna gcur le chéile bunaithe ar chostais táirgthe ábhartha agus ar fhorbairt na gcostas sin agus, san am céanna, ag cur san áireamh a n-ionaid díolacháin éagsúla, catagóirí na dtáirgí, táscairí um luacháil táirgí, praghsanna na dtáirgí talmhaíochta, bia-ábhair ar na margaí, forbairt chostas an bhia sin, critéir i ndáil leis an gcomhdhéanamh, leis an gcáilíocht, leis an inrianaitheacht agus sonraíochtaí táirgí.** "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539801054181&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúinú

Féadfaidh na heagraíochtaí craoibhe cabhrú leis an margú idir beirt ghníomhaithe nó go leor ghníomhaithe ón slabhra soláthair (conradh trípháirtí) agus féadfaidh siad gnéithe níos mionsonraithe a sholáthar maidir le hábhar na gconarthaí reatha. Leis na socruithe sin, dhéanfaí an margú laistigh den earnáil a éascú agus chruthófaí luach trí cháilíocht a fheabhsú go háirithe. Leis sin, mhéadófaí ioncam na bhfeirmeoirí.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 j (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 157 – mír 1 – pointe xv

An téacs atá ann

(xv) clásail chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú **de réir bhri Airteagal 172a**, lena n-áirítear bónais agus caillteanais sna margáí, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margáí na dtáirgí lena mbaineann nó ar na margáí tráchtearraí eile **eatarthu**;

Leasú

(5k) In Airteagal 157(1), cuirtear an téacs seo a leanas in ionad phointe (xv):

"(xv) clásail chaighdeánacha maidir le comhroinnt luacha a bhunú, lena n-áirítear bónais agus caillteanais sna margáí, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margáí na dtáirgí lena mbaineann nó ar na margáí tráchtearraí eile **idir na gníomhaithe sa slabhra soláthair**;"

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539801054181&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúiní

Féadfaidh na heagraíochtaí gairmiúla ról a bheith acu maidir le comhroinnt luacha a fheabhsú sa slabhra soláthair. Mar sin féin, ní féidir clásail maidir le comhroinnt luacha a ghlacadh faoi CBT ach amháin idir an feirmeoir agus a chéad cheannaitheoir. Cuirtear bac ar luacháil na dtáirgí laistigh de na bealaí (atá measartha casta) agus ar athluacháil praghsanna le haghaidh na dtáirgeoirí mar gheall ar an deis atá ag an gceannaitheoir a ghealltanais a thabhairt ar aghaidh.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 k (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 164 – mír 4 – pointe c

An téacs atá ann

(c) conarthaí caighdeánacha atá ag luí le

Leasú

(20k) in Airteagal 164(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) conarthaí agus clásail chaighdeánacha, **comhroinnt an luacha go háirithe**, atá ag

rialacha an Aontais a tharraingt suas;

luí le rialacha an Aontais a tharraingt suas;

"

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539801054181&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Is é is aidhm leis an leasú sin ná cead a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe síneadh na gclásal caighdeánach maidir le comhroinnt luacha a iarraidh chun breis trédhearcachta a áirithiú maidir le gaoil chonarhacha laistigh de na slabhraí luacha, seasamh na bhfeirmeoirí a neartú trína gceadú an luach a chomhroinnt go córasach agus ar bhealach níos fearr agus a ioncam a mhéadú dá thoradh sin.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 1 (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 164 – mír 4 – pointe n a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5l) I mír 4 d'Airteagal 164, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

(na) na caighdeáin theicniúla a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a rialú lena gceadófaí grinnmheasúnú a dhéanamh ar shaintréithe an táirge;

Or. fr

Réasúnú

Féadfaidh na heagraíochtaí idirchraoibhe rialacha teicniúla a ghlacadh (méid saille, feoil mharmarach...) agus é mar aidhm leo measúnú ar shaintréithe táirge sa slabhra bia a chomhchuibhiú ionas nach saobhfár an iomaíocht idir na hoibreoirí. Mar sin, ba cheart go bhféadfaí cur chun feidhme agus rialú na gcaighdeán teicniúil sin, ní hamháin, a áirithiú ach go bhféadfaí é sin a shíneadh chuig eagraíochtaí nach baill iad chomh maith céanna.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 m (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 166 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5m) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

Airteagal 166(a)

Bainistíocht an tsoláthair le haghaidh táirgí taobh amuigh de cháiseanna, fion agus liamhás a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografach faoi chosaint acu mar aon le táirgí náisiúnta faoi lipéad cáilíochta.

1. Arna iarraidh sin ag eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 152(3), ag eagraíocht idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157(3) agus ag grúpa oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse teoranta ama, rialacha ceangailteacha a leagan síos maidir le rialáil sholáthar a gcuid táirgí a bheidh ag tairbhiú de shonrúchán cosanta tionscnaimh nó de thásca cosanta geografach faoi Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1151/2012 nó soláthar táirge dá gcuid a bhaineann le córas cáilíochta náisiúnta.

2. Comhlíonfar leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo na coinníollacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo agus beidh siad faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe a bheidh déanta roimh ré idir na páirtithe sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. I gcás ina dtabharfar comhaontú i gerích idir dhá thrian de na táirgeoirí nó a n-ionadaithe, arb ionann iad agus ar a laghad dhá thrian de tháirgeacht an táirge lena mbaineann agus, más gá, ar a laghad dhá

thrian de tháirgeoirí agus de tháirgeacht an táirge lena mbaineann sa limistéar geografach dá dtagraítear in Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Tá an sciar céanna i gceist maidir le líon na dtáirgeoirí agus le táirgeacht na dtáirgí a thagann faoi na córais cháilíochta náisiúnta.

3. Maidir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) ní chumhdófar leo ach amháin rialáil sholáthar an táirge lena mbaineann agus beidh sé d'aidhm acu soláthar an táirge lena mbaineann a oiriúnú don éileamh;

(b) ní bheidh éifeacht acu ach amháin maidir leis an táirge lena mbaineann;

(c) ní fhéadfaidh siad a bheith ceangailteach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana agus féadfar iad a athnuachan tar éis na tréimhse sin tar éis iarraidh nua, mar a thagraítear dó i mír 1, a fháil;

(d) ní dhéanfar damáiste leo do thrádáil táirgí seachas na táirgí lena mbaineann na rialacha dá dtagraítear i mír 1;

(e) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhargú an táirge lena mbaineann;

(f) ní cheadófar leo socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;

(g) ní áiritheofar leo nach mbeidh fáil ar sciar rómhór den táirge lena mbaineann a bheadh ar fáil murach sin;

(h) ní chuirfear idirdhealú ar bun leo, nó ní bheidh siad ina mbac d'iontrálaithe nua sa mhargadh nó ina gcúis go ndéanfar dochar do leasanna táirgeoirí beaga;

(i) rannchuideofar leis an gcáilíocht a chaomhnú (lena n-áirítear ó thaobh sláinte de) agus/nó le forbairt an táirge atá i gceist;

4. Foilseofar na rialacha dá dtagraítear i

mír 1 i bhfoilseachán oifigiúil de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 á gcomhlíonadh, agus i gcás ina gcinnfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh siad na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a aisghairm.

6. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bheidh glactha acu. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi aon fhógra de na rialacha sin.

7. Féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear go n-aisghairfidh Ballstát na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin de bhun mhír 1 más léir don Choimisiún nach gcomhlíonann na rialacha sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 nó go ndéanann siad iomaíocht a chosc nó a shaobhadh i gcuid shubstaintiúil den mhargadh inmheánach, nó saorthrádáil a chur i gcontúirt nó go bhfuil baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE á chur i mbaol. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) nó (3) den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Or. fr

Réasúnú

Leis an leasú sin, beifear in ann an deis atá ag táirgí cáise, fíonta agus táirgí liamháis a thabhairt do gach táirge a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint acu, is é sin go ndéanfaidh eagraíocht tairgeoirí aitheanta nó eagraíocht craoibhe aitheanta an soláthar a bhainistiú.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 n (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 172a

An téacs atá ann

Airteagal 172a
Comhroinnt luacha

Gan dochar d'aon chlásal sonrath maidir le comhroinnt luacha in earnáil an tsiúcra, féadfaidh feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí san áireamh, agus a gcéad cheannaitheoir teacht ar chomhaontú i ndáil le clásail maidir le comhroinnt luacha, **bónais agus cailleanais margái san áireamh**, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar na praghsanna ábhartha margái do na táirgí lena mbaineann nó ar na margái tráchtearraí eile eatarthu

Leasú

(20n) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 172a:

‘Airteagal 172a
Comhroinnt luacha

Gan dochar d'aon chlásal sonrath maidir le comhroinnt luacha in earnáil an tsiúcra, féadfaidh feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí san áireamh, agus a gcéad cheannaitheoirí **mar aon le gníomhaithe atá níos iartheachtaí sa slabhra luacha** teacht ar chomhaontú i ndáil le clásail maidir le comhroinnt luacha, **lena n-áirítear forbairt na margái ábhartha**, lena gcinntear an chaoi a leithdháilfear aon éabhlóid ar na praghsanna ábhartha margái do na táirgí lena mbaineann nó ar na margái tráchtearraí eile eatarthu’

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Leis an leasú a bheartaítear, beidh na hoibreoírí in ann clásail maidir le comhroinnt luacha a leagan síos ina gconarthaí idir beirt ghníomhaithe nó níos mó. Tá an nath ‘gnóthachain agus cailleanais sa mhargadh’ róshonrach do mhargái a bheidh ann amach anseo, rud nach mbaineann ach le roinnt táirgí.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 o (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 176 – mír 3

3. Beidh na ceadúnais bailí ar fud an Aontais.

(20o) in Airteagal 176, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

3. Beidh na ceadúnais bailí ar fud an Aontais. **Tabharfar an fhaisnéis uile maidir leis na hiarrthóirí, arna bailiú ag na Ballstáit agus na deimhnithe á n-eisiúint, don Choimisiún gach mí.**

Or. fr

Réasúinú

Cé go leagtar sainchumais thábhachtacha ar an gCoimisiún le hAirteagal 177, is cosúil nach mbaintear leas astu ar bhonn córasach. Ní bhaileofar an fhaisnéis ach uair amháin agus níor cheart go mbeadh aon chastacht riaracháin i gceist leis sin do na húsáideoirí. Ina theannta sin, iarrfar ar an gCoimisiún nósanna imeachta a mholadh chun nuatheicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a chur i bhfeidhm chun an t-ualach riaracháin ar úsáideoirí a laghdú agus chun an úsáid is fearr a bhaint as an bhfaisnéis sin.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 p (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 177 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(20p) i mír 2 d'Airteagal 177, scriostar pointe (d)

Or. fr

Réasúinú

Scriostar pointe d) i gcomhréir le scriosadh Airteagal 189 maidir le hallmhairí cnáibe agus síolta cnáibe arna iarraidh ag an gCoimisiún.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 q (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

20q) I mír 1 d’Airteagal 182, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

(ba) go sáróidh méid na n-allmhairí ó bhliain ar leith ar rátaí fabhracha arna gcomhaontú idir an tAontas agus na tríú tíortha faoi chomhaontuithe saorthrádála leibhéal áirithe (‘méid na neamhchosanta trádála’).

Or. fr

Réasúiní

Leis an leasú sin, moltar critéar nua maidir le dleacht allmhairiúcháin breise a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála lena bhféadfai tionchair dhíobhálacha ar mhargadh an Aontais a sheachaint nó a chosc.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 r (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 182 – mír 1 – fomhír 2

An téacs atá ann

Leasú

Bunófar an trucearmhéid ar dheiseanna rochtana ar an margadh a shaineofar mar allmhairí i bhfoirm céatadán den tomhaltas comhfhreagrach intíre ar feadh na trí bliana roimhe sin.

(20r) in Airteagal 182(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Bunófar an trucearmhéid ar dheiseanna rochtana ar an margadh a shaineofar mar allmhairí arna gcur in iúl mar chéatadán den tomhaltas intíre comhfhreagrach ar feadh na trí bliana roimhe sin. **Déantar é a athshainiú go rialta chun athruithe ar mhéid an mhargaidh Eorpaigh a chur san áireamh. Déantar an stadphraghas a athshainiú go rialta chun athruithe ar mhargaí an domhain agus costais táirgthe a chur san áireamh.** ’’

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539941585481&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Leis an leasú sin, moltar go ndéanfar na praghasanna agus na trucearmhéideanna ar tugadh fógra ina leith 20 bliain ó shin do EDT maidir le forbairt ar mhéid an mhargaidh (laghdú ar thomhaltas na feola, Brexit agus athrú go margadh de 27 mBallstát) a nuashonrú. Is fiú a lua, le hAirteagal 182, beifear in ann tionchair dhiobhálacha, a d'fhéadfadh teacht as allmhairiú, ar mhargadh an Aontais a sheachaint nó a chosc.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 s (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 182 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(20s) In Airteagal 182(1) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 3:

Tá méid na neamhchosanta tráchtála bunaithe ar na hallmhairí ar ráta fabhrach arna chur in iúl mar chéatadán de leibhéal iomlán na neamhchosanta tráchtála inbhuanaithe do na hearnálacha lena mbaineann.

Réasúnú

Leis an leasú sin, moltar critéar nua maidir le dleacht allmhairiúcháin breise a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála lena bhféadfaí tionchair dhiobhálacha ar mhargadh an Aontais a sheachaint nó a chosc.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 209 – mír 1 – fomhír 3

An téacs atá ann

Leasú

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le comhaontuithe, le cinntí ná le cleachtais chomhbheartaithe a mbainfidh oibleagáid leo praghas comhionann a mhuirearú nó lena n-eiseofar iomaíocht.

(26a) In Airteagal 209(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le comhaontuithe, le cinntí ná le cleachtais chomhbheartaithe idir ***eagraíochtaí éagsúla tairgeoirí nó idir comhlachais éagsúla*** a mbainfidh oibleagáid leo praghas comhionann a mhuirearú nó lena n-eiseofar iomaíocht. ’’

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1539941585481&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Céim thábhachtach chun cinn maidir le seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra soláthair ina n-eagraíochtaí tairgeoirí nó ina gcomhlachais d’eagraíochtaí tairgeoirí atá i gcásdlí ‘Endives’ agus san Omnibus. Tá sé deacair an cosc ar chlásal praghais laistigh d’eagraíochtaí den sórt sin a bhfuil na praghasanna céanna acu a thuiscint agus tá bonn cirt leis.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 219 – teideal

An téacs atá ann

Leasú

Bearta in aghaidh suaithheadh sa mhargadh

(26b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 219:

‘Bearta maidir le míshocracht sa mhargadh a chosc ***agus a bhainistiú***’

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Tá an cosc tábhachtach ar ndóigh ach ní mór míshocracht sa mhargadh a bhainistiú chomh

maith nuair is ann di.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 219 – mír 1 – fómhír 1

An téacs atá ann

D'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtúil agus go héifeachtach ar bhagairtí go suaithfí an margadh, bagairtí arb é ardú suntasach nó titim shuntasach i bpraghsanna ar an margadh inmheánach nó seachtrach is cúis leo nó imeachtaí nó tosca eile lena ndéanfar na margaí a shuaitheadh go suntasach nó go mbaineann bagairt leo go suaithfí na margaí, ar dócha go leanfaidh an staid sin nó a cuid éifeachtaí ar an margadh ar aghaidh nó go rachaidh siad chun donais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil leis na beartais gá chun aghaidh a thabhairt ar staid an mhargaidh, agus aon oibleagáid atá mar thoradh ar na comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE á n-urramú ***a luaithe atá an chuma air nach ndealraíonn aon bhearta eile atá ar fáil faoin Rialachán seo leordhóthanach.***

Leasú

(26c) in Airteagal 219(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘D'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtúil agus go héifeachtach ar bhagairtí go suaithfí an margadh, bagairtí arb é ardú suntasach nó titim shuntasach i bpraghsanna ar an margadh inmheánach nó seachtrach is cúis leo nó imeachtaí nó tosca eile lena ndéanfar na margaí a shuaitheadh go suntasach nó go mbaineann bagairt leo go suaithfí na margaí, ar dócha go leanfaidh an staid sin nó a cuid éifeachtaí ar an margadh ar aghaidh nó go rachaidh siad chun donais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i ndáil leis na beartais is gá chun aghaidh a thabhairt ar staid an mhargaidh, agus aon oibleagáid a eascraíonn as na comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir le CFAE. ”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Leis an airteagal sin, leagfar sainchumais shuntasacha ar an gCoimisiún ionas go mbeidh sé in ann idirghabháil a dhéanamh i gcás ina mbeadh géarchéim ann. Ní bheidh na sainchumais sin mionsonraithe, beidh saoirse ag an gCoimisiún ina dtaobh. Is é an tAirteagal sin is bunús leis an gcabhair um laghdú deonach ar tháirgeadh bainne in 2016. Trí dheireadh na chéad

mire de phointe (1) a scriosadh, scriostar coinníoll atá míshoiléir rud a chuireann bac ar an Airteagal sin a úsáid i dteannta le bearta eile.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 d (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 219 – mír 1 – fómhír 4

An téacs atá ann

Leasú

Ces mesures peuvent, dans la mesure et pour la durée nécessaire pour faire face aux perturbations du marché ou aux menaces de perturbation, étendre ou modifier la portée, la durée ou d'autres aspects d'autres mesures prévues par le présent règlement, **prévoir des restitutions à l'exportation ou suspendre** les droits à l'importation en totalité ou en partie, notamment pour certaines quantités et/ou périodes, selon les besoins.

(26d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fómhír d'Airteagal 219(1):

‘A mhéad is gá agus fad is gá, féadfaidh bearta den sórt sin raon feidhme, ré, agus gnéithe eile de bhearta eile dá bhforáiltear faoin Rialachán seo a shíneadh nó a mhodhnú, **rialuithe allmhairí a neartú**, na dleachtanna allmhairiúcháin **a choigeartú go leibhéal níos airde nó go leibhéal níos ísle** ina n-iomláine nó i bpáirt, lena n-áirítear i gcás cainníochtaí nó tréimhsí áirithe, de réir mar is gá. **Féadfaidh siad a bheith bainteach le cur in oiriúint chóras na bpraghsanna iontrála le haghaidh na dtorthaí agus na nglasraí chomh maith trí dhul i gcomhairle le tríú tíortha a onnmhairíonn chuig an Aontas.**”

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúiní

Ó tharla gur scrios an Coimisiún Airteagail 196 go 204 maidir le fóirdheontais onnmhairiúcháin, ba cheart an tagairt dóibh a scriosadh in Airteagal 219. Dá bhri sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don deis atá ann ní hamháin an dleacht allmhairiúcháin a chur ar fionraí ach é a choigeartú go leibhéal níos airde nó go leibhéal níos ísle agus na rialuithe allmhairiúcháin a neartú ina dhiaidh sin chun an chothromaíocht idir na bearta atá le glacadh i gcás míchothromaíochtaí a mbeidh méadú nó laghdú ar phraghsanna intíre mar thoradh orthu.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 e (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 220 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(26e) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

Airteagal 220(a)

Córas um laghdú táirgthe

1. I gcás éagothromaíochtaí móra sa mhargadh agus más rud é gur féidir é sin a dhéanamh leis na teicnící táirgthe, tá an Coimisiún údaraithe gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 d'fhonn tacaíocht a dheonú do tháirgeoirí in éarnáil faoi leith dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 1 rud a laghdóidh a gcuid seachadtaí i gcomparáid leis an tréimhse chéanna ón mbliain roimhe sin.

2. Deonófar an tacaíocht bunaithe ar iarrataí arna ndéanamh ag táirgeoirí sa Bhallstát ina bhfuil na táirgeoirí sin lonnaithe, trí úsáid a bhaint as an modh atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mór na hiarrataí maidir le cúnamh um laghdú a chur isteach, thar ceann na neagraíochtaí aitheanta nó na gcomharchumann arna mbunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Sa chás sin, áiríteoidh na Ballstáit go dtabharfar an chabhair ina hiomláine do na táirgeoirí a bhfuil laghdú déanta ar a gcuid seachadtaí.

3. Más rud é nach leor an rannpháirteachas chun an margadh a athchothromú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún ceangal a chur ar na táirgeoirí uile a dtáirgeadh a laghdú.

4. Chun a áirithiú go gcuirfear an córas

sin chun feidhme go héifeachtach agus mar is ceart, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 chun an méid seo a leanas a shocrú:

(a) uastoirt iomlán nó uasmhéid na seachadtaí a bheidh le laghdú ar leibhéal an Aontais faoi chuimsiú an chórais um laghdú;

(b) fad na tréimhse um laghdú agus, más gá, síneadh na tréimhse sin;

(c) méid na cabhrach de réir toirte nó méid an laghdaithe agus an slí a mhaoinítear í;

(d) na critéir incháilitheachta um chabhair do na hiarrthóirí agus do na hiarrataí;

(e) na coinníollacha sonracha maidir leis an gcóras a chur chun feidhme.

Or. fr

Réasúiní

Is é seo an trascriobh sa Rialachán maidir le CEM um chabhair maidir le laghdú a dhéanamh ar tháirgeadh an bhainne arna chur i bhfeidhm in 2016 bunaithe ar Airteagal 219. Leis an Airteagal sin, is féidir an fhoráil sin a thabhairt isteach sa Rialachán agus san am céanna athrú ó chur chuige bunaithe ar dhreasachtaí go cur chuige comhéigheach.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 f (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5f) Scriostar Airteagal 222

Or. fr

Réasúnú

Tá an tAirteagal seo 'i bhfabhar na gcairtéal'. Baineadh úsáid as uair amháin in 2016 le linn na géarchéime bainne gan toradh. Ar an lámh eile de, le CBT ba cheart go mbeifí in ann feirmeoirí agus tomhaltóirí a chosaint ar an mí-úsáid a bhaineann le comhdhlúthú monaplach na próiséala agus an dáiliúcháin.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 g (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 223 – mír 1 – fomhír 2

An téacs atá ann

Féadfar an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, údaráis inniúla triú tíortha nó í a chur ar fáil dóibh agus a phoiblíú, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus leasa dhlisteanáigh gnóthas a rúin ghnó, lena n-áirítear praghsanna, a chosaint.

Leasú

(5g) in Airteagal 223(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Féadfar an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, **Údarás Eorpaigh um Urrúis agus Margáí**, údaráis inniúla triú tíortha nó í a chur ar fáil dóibh agus a chur ar fáil go poiblí, faoi réir cosanta sonraí pearsanta agus leasa dhlisteanáigh gnóthas a rúin ghnó, lena n-áirítear praghsanna, a chosaint. ’’

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Le hathchóiriú na dTreoracha maidir le rialú mhargáí airgeadais na hEorpa, tugtar le tuiscint go bhfuil oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis náisiúnta dul i mbun comhair leis na húdaráis airgeadais.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26 h (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 223 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

(5h) In Airteagal 223(3) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 3:

Chun leibhéal trédhearcachta leordhóthanach a áirithiú i gcomhréir le rúndacht gnó, féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2, lena leagfaí síos ceanglais ar ghníomhaithe na margai nach bhfuil trédhearcach go leor a gcuid idirbheart a dhéanamh trí ríomhardán um malartú.

Or. fr

Réasúnú

Le hAirteagal 223, tabharfar sainchumais shuntasacha don Choimisiún chun trédhearcacht na margai a fheabhsú. Fearacht Treoir EMIR Uimh. 648/2012 le haghaidh na margai airgeadais, beidh deis ag údaráis rialála na margai talmhaíochta a cheangal go ndéanfaí idirbhearta trédhearcacha thar an gcuntar trí ardáin leictreonacha um malartuithe.

Leasú 70

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 225 – mír 1 – pointe a go dtí d**

(27) **in** Airteagal 225, scriostar pointí (a) go (d);

(27) **in** Airteagal 225, scriostar pointí (a), (c) agus (d);

Or. fr

Réasúnú

I measc na gceithre ní atá beartaithe le scriosadh ag an gCoimisiún, táimid i gcoinne scriosadh phointe (b) maidir le forbairtí i margadh an bhainne agus na dtáirgí bainne.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 225 – mír 1 – pointe b

An téacs atá ann

(b) an **30 Meitheamh 2014** agus an 31 Nollaig **2018** ar a dhéanaí maidir le forbairt staid an mhargaidh in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne agus go háirithe maidir le feidhmiú Airteagail 148 go 151, Airteagal 152(3), Airteagal 157(3) lena measúnaítear go háirithe, na héifeachtaí ar tháirgeoirí bainne agus ar tháirgeadh bainne sna réigiúin faoi mhíbhuntáiste maidir leis an gcuspóir ginearálta táirgeadh a choinneáil ar bun sna réigiúin sin agus lena gcumhdaítear dreasachtaí féideartha chun feirmeoirí a spreagadh le comhaontuithe comhpháirteacha a dhéanamh maidir le comhtháirgeadh in éineacht le haon tograí iomchuí;

Leasú

(27a) In Airteagal 225(1), cuirtear an téacs seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) faoin **31 Nollaig 2018 agus faoin 31 Nollaig 2021** agus 31 Nollaig **2024** maidir le forbairt staid an mhargaidh in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne agus go háirithe maidir le feidhmiú Airteagail 148 go 151, Airteagal 152(3), Airteagal 157(3) lena measúnaítear go háirithe, na héifeachtaí ar tháirgeoirí bainne agus ar tháirgeadh bainne sna réigiúin faoi mhíbhuntáiste maidir leis an gcuspóir ginearálta táirgeadh a choinneáil ar bun sna réigiúin sin agus lena gcumhdaítear dreasachtaí féideartha chun feirmeoirí a spreagadh le comhaontuithe comhpháirteacha a dhéanamh maidir le comhtháirgeadh in éineacht le haon tograí iomchuí; beidh aon togra iomchuí ag gabháil leis an tuarascáil sin'

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Ní raibh aon stuamacht ann imeacht ó chóras na gcuótaí bainne á bainsitiú. Ní mór go leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tuairisciú ar úsáid luamhán, arna gcur ar fáil do na Ballstáit chun eagrú níos fearr na dtáirgeoirí a áirithiú, ach ar a chuid oibríochtaí bainistithe géarchéime féin chomh maith céanna.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 225 – mír 1 – pointe d a (nua)

(13b) in Airteagal 225, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

(da) an 30 Meitheamh 2019 ar a dhéanaí, maidir le straitéis an Choimisiúin chun na forálacha sa rialachán a úsáid ar an mbealach is fearr chun géarchéimeanna na margáí talmhaíochta intíre, a d'fhéadfadh eascairt as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, a thuar agus a bhainistiú.

Or. fr

Réasúnú

Leis an Airteagal sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar ábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an rialacháin. Agus easpa gníomhaíochta an Choimisiúin á chur san áireamh maidir le measúnú ar an gcéad cholún de CBT agus i gcomhthéacs Brexit, tá sé tábhachtach go gcuirfidh an Coimisiún straitéis um chosc agus bainistithe géarchéimeanna ar aghaidh a luaithe a bhunófar príomhchásanna Brexit.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27 c (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 225 – mír 1 – pointe d b (nua)

(27c) in Airteagal 225, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

(db) an 31 Nollaig 2019 ar a dhéanaí, maidir le sainmhíniú ar na cineálacha éagsúla géarchéimeanna a bhaineann leis na margáí talmhaíochta chun creat feidhmíochta an Choimisiúin a bhunú le haghaidh caidrimh níos fearr le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

Or. fr

Réasúnú

Iarrtar tuarascáil chomh maith ionas go mbunóidh an Coimisiún tagarmharc le haghaidh géarchéimeanna na margaí talmhaíochta; Beidh an tuarascáil sin mar bhonn do chreat feidhmíochta an Choimisiúin a bhunú agus lena gcuirfí ar a chumas idirghabháil a dhéanamh nuair is gá.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27 d (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 225 – mír 1 – pointe d c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(27d) in Airteagal 225, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

(dc) an 31 Nollaig 2020 ar a dhéanaí, maidir leis na deiseanna a bhaineann leis na nuatheicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun an caidreamh idir an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta agus na gnóthais a fheabhsú chun trédhearcacht níos fearr na margaí a fheabhsú go háirithe

Or. fr

Réasúnú

Cé gurb iad ‘simpliú’ agus ‘nuachóiriú’ eochairfhocail an athchóirithe, níl aon togra nithiúil déanta ag an gCoimisiún maidir le nuatheicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun cúrsaí cumarsáide idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na gnóthais a fheabhsú go háirithe ó thaobh thrédhearcacht na margaí de.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 226 a (nua)

(28a) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

Airteagal 226(a)

Plean bainistithe géarchéime

1. Bunóidh an Coimisiún plean bainistithe géarchéime chun cúnamh an Aontais arna mhaoiniú trí CERT a chur chun feidhme ionas gur féidir cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe an cuspóir um na margaí a chobhsú.

2. Ar bhonn na tuarascála lena sainítear na cineálacha éagsúla géarchéime dá bhforáiltear in Airteagal 225(c) agus an obair mheastóireachta a rinneadh ar an gcéad cholún de CBT, tá straitéis idirghabhála leagtha amach ag an gCoimisiún le haghaidh gach cineál géarchéime. Déanfar anailís SWOT ar gach ceann de na huirlisí bainistithe margaidh atá sainmhínithe ag an Rialachán seo chun na sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na huirlisí a shainnithint.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 227 chun na spriocluachanna agus na garluachanna cainníochtúla atá ann a bhunú chun rannchuidiú le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh an Coimisiún togra maidir le plean bainistithe géarchéime faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2020. Ar an mbonn sin, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin a bpleananna straitéiseacha le haghaidh CBT.

4. Leis an bplean bainistithe géarchéime

cumhdófar an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027, le clásal athbhreithnithe meántearma an 30 Meitheamh 2024, tráth a ndéanfar comhsheasmhacht a bhaint amach tríd is tríd le pleananna straitéiseacha na mBallstát le haghaidh níos mó éifeachtúlachta in úsáid cistí poiblí agus breisluach feabhsaithe AE.

Or. fr

Réasúinú

Déantar achoimre ar Airteagal 91 agus Airteagal 113 den dréachtrialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha mar seo a leanas: ní mór do na Ballstáit a roghanna, maille le húdar cuí leis na roghanna sin, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún a straitéis chun déileáil le géarchéimeanna a shainiú d'fhonn tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle. Tá soiléiriú a straitéise ina réamhriachtanas ionas gur féidir leis na Ballstáit a gcuid tosaíochtaí a bhunú.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28 b (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 226 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(28b) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

Airteagal 226 b

Creat feidhmíochta

1. Bunóidh an Coimisiún creat feidhmíochta chun tuairisciú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an phlean bainistithe géarchéime le linn a chur chun feidhme.

2. Áireofar sa chreat feidhmíochta na heilimintí seo a leanas:

(a) sraith túscairí coiteanna don chomhthéacs, aschur, toradh agus tionchar atá ag fónamh mar bhonn d'fhaireachán, do mheastóireacht agus do

thuirisciú bliantúil feidhmíochta;

(b) spriocluachanna agus garspriocanna bliantúla arna mbunú i ndáil leis an gcuspóir sonracha ábhartha trí tháscairí toraidh a úsáid;

(c) bailiú, stóráil agus tarchur sonraí;

(d) tuarascálacha bliantúla maidir le feidhmíocht an phlean bainistithe géarchéime do gach ceann de na táirgeachtaí dá ndéantar difear i rith na bliana;

(e) bearta maidir le cúlchistí éifeachtúlachta in úsáid CERT ina iomláine.

3. Is éard is aidhm leis an gcreat feidhmíochta:

(a) measúnú a dhéanamh ar thionchar, éifeachtacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus ar an mbreisluach don Aontas Eorpach a bhaineann le CBT;

(b) tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le húsáid na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún i ndáil le cosc agus bainistiú géarchéime;

(c) imeacht ón loighic a úsáidtear faoi láthair, eadhon tomhaltas buiséadach CERT;

(d) córas a fhorbairt chun margatáil talmhaíochta agus ioncaim a stiúradh ar dhóigh níos fearr nuair a dhéanann an Coimisiún cistí poiblí a úsáid de réir timthriallta eacnamaíochta, teagmhais aeráide, teannas geopholaitiúil.

Or. fr

Réasúnú

Déantar achoimre ar Airteagal 91 agus Airteagal 113 den dréachtriallachán maidir le Pleananna Straitéiseacha mar seo a leanas: ní mór do na Ballstáit a roghanna, maille le húdar cuí leis na roghanna sin, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún a straitéis chun déileáil le géarchéimeanna a shainiú d'fhonn tuairisciú don Pharlaimint agus

don Chomhairle. Tá soiléiriú a straitéise ina réamhriachtanas ionas gur féidir leis na Ballstáit a gcuid tosaíochtaí a bhunú.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28 c (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Airteagal 227 – mír 2

An téacs atá ann

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 33 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón 1 Eanáir **2013**. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Leasú

22c) in Airteagal 227, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe atá sa rialachán seo a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana amhail ón 20 Nollaig **2020**. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539764116757&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúiní

Is nuashonrúchán é seo don chead tréimhse clársceidealaithe eile.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29 a (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn II – cuid IX – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

29a) In Iarscríbhinn II, Cuid IX, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

2a) Ciallaíonn ‘céir bheach’ substaint nach bhfuil comhdhéanta ach de thál faireoige céirí na beiche oibre ar baineann í den speiceas *Apis Mellifera* agus a úsáidtear chun coirceog a thógáil

Or. fr

Réasúinú

Sainmhínte ar tháirgí ón gcoirceog: céir bheach.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29 b (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn II – cuid IX – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(29b) In Iarscríbhinn II, Cuid IX, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

2b) Ciallaíonn ‘glóthach ríoga’ substaint nádúrtha arna tál ó fhaireog hipea-fharaingeach agus mhandabail na beiche meala den speiceas *Apis Mellifera*. Úsáidtear an tsubstaint seo den chuid is mó chun larbhaí agus cráinbheacha a chothú, ar substaint í atá úr, nádúrtha agus neamhchóireáilte.

Is féidir scagadh a dhéanamh air (gan ró-scagadh a dhéanamh), cé nach gcuirtear aon substaintí eile leis.

Or. fr

Réasúinú

Sainmhínte ar tháirgí ón gcoirceog: glóthach ríoga

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn II – cuid IX – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

29c) In Iarscríbhinn II, Cuid IX, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

2c) Ciallaíonn ‘gliú beach’ roisín ar de thionscnamh nádúrtha agus plandaí é, arna bhailiú ag beacha oibre baineanna den speiceas *Apis Mellifera* ó fhoinsí airithe plandaí, agus a gcuirtear tál na mbeach sin leis (go príomha céir agus tál seileach). Baintear úsáid as an roisín seo go príomha chun an choirceog a chosaint.

Or. fr

Réasúnú

Sainmhínte ar tháirgí ón gcoirceog: gliú beach

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29 d (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn II – cuid IX – mír 2 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

29 quinquies) In Iarscríbhinn II, Cuid IX, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

2d) Ciallaíonn ‘gráinnín pailine’ gráinníní carntha de phailín arna mbailiú ag beacha oibre den speiceas *Apis Mellifera*, atá dlúite ag a gcúlchosa le cúnamh ó mhill agus/nó neachtar agus tál beach.

Or. fr

Réasúnú

Sainmhínte ar tháirgí ón gcoirceog: grainníní pailine.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29 e (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn II – cuid IX – mír 2 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

29 sexies) In Iarscríbhinn II, Cuid IX, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

2e. Ciallaíonn ‘pailín bheach’ nó ‘arán beach’ gráinníní pailine atá brataithe le cíor mheala ó choirceog a ndéantar cóireáil nádúrtha orthu mar go bhfuil einsímí agus miocróib i láthair. Baineann na beacha cothaithe úsáid as chun na beacha síolraithe a chothú.

Or. fr

Réasúnú

Sainmhínte ar tháirgí ón gcoirceog: pailín bheach nó arán beach.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29 f (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn III – cuid IX – mír 2 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

29 f) In Iarscríbhinn II, Cuid IX, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

2f) Ciallaíonn ‘nimh bheach’ tál ón bhfaireog nimhe sa beach a úsáideann na beacha chun iad féin a chosaint ar ionsaithe i gcoinne na coirceoige.

Réasúnú

Sainmhínte ar tháirgí ón gcoirceog: nimh bheach;

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn VII – cuid I – teideal

An téacs atá ann

Feoil bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mí d'aois

Leasú

31 a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chuid I:

Feoil bó-ainmhithe **agus caorach** atá níos óige ná 12 mhí d'aois

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539877693793&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Níl an téarma uaineoil comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach. Mar sin féin, díoltar sciar maith d'ainmhithe atá os cionn 12 mhí d'aois ar an margadh Eorpach faoin téarma 'uaineoil' gan an fheoil sin a bheith ag comhfhreagairt dá bhfuil tomhaltóirí ag súil leis i dtéarmaí bhoige na feola. I gcomhthéacs go bhfuil tomhaltas uaineola ag laghdú agus i gcomhthéacs Brexit agus na caibidlíochta atá ar siúl ar chomhaontuithe leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is gá mí-úsáid an téarma 'uaineoil' a sheachaint.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn VII – cuid I – pointe II – mír 1 a (nua)

An téacs atá ann

Leasú

13b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe II de Theideal I:

II. Bó-ainmhithe atá níos óige ná 12 mí d'aois a aicmiú ag an seamlas

"II. Bó-ainmhithe **agus caoirigh** atá níos óige ná 12 mhí d'aois a aicmiú ag an seamlas.

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539877693793&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Níl an téarma uaineoil comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach. Mar sin féin, díoltar sciar maith d'ainmhithe atá os cionn 12 mhí d'aois ar an margadh Eorpach faoin téarma 'uaineoil' gan an fheoil sin a bheith ag comhfhreagairt dá bhfuil tomhaltóirí ag súil leis i dtéarmaí bhoige na feola. I gcomhthéacs go bhfuil tomhaltas uaineola ag laghdú agus i gcomhthéacs Brexit agus na caibidlíochta atá ar siúl ar chomhaontuithe leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is gá mí-úsáid an téarma 'uaineoil' a sheachaint.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 c (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn VII – cuid I – pointe II – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

31 c) In Iarscríbhinn VII, cuid I, pointe II, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

Ar iad a mharú, déanfaidh na hoibreoirí aicmiú ar gach uan atá faoi bhun 12 mhí d'aois, faoi mhaoirsiú an údaráis inniúil, i gceann den dá chatagóir seo a leanas:

Catagóir A: conablaigh uain níos óige ná 12 mhí d'aois,

Litir aitheantais chatagóir A.

Or. fr

Réasúnú

Níl an téarma uaineoil comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach. Mar sin féin, díoltar sciar maith d'ainmhithe atá os cionn 12 mhí d'aois ar an margadh Eorpach faoin téarma 'uaineoil' gan an fheoil sin a bheith ag comhfhreagairt dá bhfuil tomhaltóirí ag súil leis i dtéarmaí bhoige na feola. I gcomhthéacs go bhfuil tomhaltas uaineola ag laghdú agus i gcomhthéacs

Brexit agus na caibidlíochta atá ar siúl ar chomhaontuithe leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is gá mí-úsáid an téarma ‘uaineoil’ a sheachaint.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 d (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn VII – cuid I – pointe II – mír 2

An téacs atá ann

Cuirfear an t-aicmiú sin i gcrích ar bhonn na faisnéise atá sa phas a bheidh in éineacht leis na bó-ainmhithe, nó ina éagmais sin, ar bhonn na mionsonraí atá sa bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].III.

Leasú

(27d) I bpointe I de Chuid II d'Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

Cuirfear an t-aicmiú sin i gcrích ar bhonn na faisnéise atá sa phas a bheidh in éineacht leis na bó-ainmhithe **agus leis na caoirigh**, nó ina éagmais sin, ar bhonn na mionsonraí atá sa bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000. "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539877693793&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 e (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn VII – cuid I – pointe III – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

31 e) In Iarscríbhinn VII, Cuid 1, pointe III, cuirtear isteach an méid a leanas:

1a. Ní dhéanfar margatócht ar uaineoil atá níos óige ná 12 mhí d'aois sna Ballstáit ach amháin faoi na tuairiscí díolacháin seo a leanas a leagtar síos do gach Ballstát:

Tír mhargaíochta:

Tuairiscí díolacháin le húsáid: uaineoil

Or. fr

Réasúnú

Níl an téarma uaineoil comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach. Mar sin féin, díoltar sciar maith d'ainmhithe atá os cionn 12 mhí d'aois ar an margadh Eorpach faoin téarma 'uaineoil' gan an fheoil sin a bheith ag comhfhreagairt dá bhfuil tomhaltóirí ag súil leis i dtéarmaí bhoige na feola. I gcomhthéacs go bhfuil tomhaltas uaineola ag laghdú agus i gcomhthéacs Brexit agus na caibidlíochta atá ar siúl ar chomhaontuithe leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is gá mí-úsáid an téarma 'uaineoil' a sheachaint.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 f (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn VII – cuid I – pointe III – mír 3 – fomhír 1

An téacs atá ann

Leasú

Ní bhainfear úsáid as na tuairiscí díolacháin atá liostaithe do chatagóir V i mír A den tábla a leagtar síos i bpointe 1 ná as aon ainm nua díorthaithe ó na tuairiscí díolacháin sin ach amháin má chomhlíontar ceanglais na hIarscríbhinne seo.

31 f) I mír 3 de Chuid I d'Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

Ní bhainfear úsáid as na tuairiscí díolacháin atá liostaithe do chatagóir V **bó-ainmhithe nó do chatagóir A uaineoil** i bpointe A den tábla a leagtar síos i bpointe 1 ná as aon ainm nua díorthaithe ó na tuairiscí díolacháin sin ach amháin má chomhlíontar ceanglais na hIarscríbhinne seo.

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539877693793&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Níl an téarma uaineoil comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach. Mar sin féin, díoltar sciar maith d'ainmhithe atá os cionn 12 mhí d'aois ar an margadh Eorpach faoin téarma 'uaineoil' gan an fheoil sin a bheith ag comhfhreagairt dá bhfuil tomhaltóirí ag súil leis i dtéarmaí bhoige na feola. I gcomhthéacs go bhfuil tomhaltas uaineola ag laghdú agus i gcomhthéacs

Brexit agus na caibidlíochta atá ar siúl ar chomhaontuithe leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is gá mí-úsáid an téarma ‘uaineoil’ a sheachaint.

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 g (nua)

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn VII – cuid I – pointe III – mír 3 – fomhír 2

An téacs atá ann

Go háirithe, ní bhainfear úsáid as na téarmaí "veau", "telecí", "Kalb", "μωσχάρι", "ternera", "kalv", "veal", "vitello", "vitella", "kalf", "vitela" ná "teletina" i dtuairisc díolacháin ná ní chuirfear in iúl iad ar lipéid feola bó-ainmhithe atá níos sine ná 12 mhí.

Leasú

31 g) I bpointe III de Chuid I d'Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Go háirithe, ní bhainfear úsáid as na téarmaí "veau", "telecí", "Kalb", "μωσχάρι", "ternera", "kalv", "veal", "vitello", "vitella", "kalf", "vitela" ná "teletina" i dtuairisc díolacháin ná ní chuirfear in iúl iad ar lipéid feola bó-ainmhithe atá níos sine ná 12 mhí. **Ar an gcaoi chéanna, ní ceadmhach úsáid a bhaint as an téarma ‘uaineoil’ in aon tuairisc dhíolacháin atá ag gabhail le feoil caoirigh atá níos sine ná 12 mhí d’aois. "**

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539877693793&uri=CELEX:02013R1308-20180101>)

Réasúnú

Níl an téarma uaineoil comhchuíbhithe ar an leibhéal Eorpach. Mar sin féin, díoltar sciar maith d’ainmhithe atá os cionn 12 mhí d’aois ar an margadh Eorpach faoin téarma ‘uaineoil’ gan an fheoil sin a bheith ag comhfhreagairt dá bhfuil tomhaltóirí ag súil leis i dtéarmaí bhoige na feola. I gcomhthéacs go bhfuil tomhaltas uaineola ag laghdú agus i gcomhthéacs Brexit agus na caibidlíochta atá ar siúl ar chomhaontuithe leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is gá mí-úsáid an téarma ‘uaineoil’ a sheachaint.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(32) i gCuid II d'Iarscríbhinn VII, cuirtear isteach na pointí 18 agus 19 seo a leanas:

scriosta

'18) Féadfar an téarma 'dí-alcólaithe' a úsáid i dteannta ainm na dtáirgí fíniúna dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointí 4 go 9, i gcás táirgí ar fíor an méid seo fúthu:

(a) táirge é a fuarthas ó fhíon den chineál a shainítear i bpointe 1, ó fhíon súilíneach den chineál a shainítear i bpointe 4, ó fhíon súilíneach ardcháilíochta den chineál a shainítear i bpointe 5, ó fhíon súilíneach cumhraithe den chineál a shainítear i bpointe 6, ó fhíon súilíneach aeraithe den chineál a shainítear i bpointe 7, ó fhíon leath-shúilíneach den chineál a shainítear i bpointe 8, nó ó ó fhíon leath-shúilíneach aeraithe den chineál a shainítear i bpointe 9;

(b) táirge é a ndearnadh cóiriú dí-alcólúcháin air i gcomhréir leis na próisis a shonraítear i Roinn E de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII; agus

(c) táirge é nach mó ná 0.5 % a neart alcólach iomlán arna thomhas mar chéatadán dá thoirt.

19) Féadfar an téarma 'páirt-dhí-alcólaithe' a úsáid i dteannta ainm na dtáirgí fíniúna dá dtagraítear i bpointe 1 agus i bpointí 4 go 9, i gcás táirgí ar fíor an méid seo fúthu:

(a) táirge é a fuarthas ó fhíon den chineál a shainítear i bpointe 1, ó fhíon súilíneach den chineál a shainítear i bpointe 4, ó fhíon súilíneach ardcháilíochta den chineál a shainítear i bpointe 5, ó fhíon súilíneach cumhraithe den chineál a shainítear i bpointe 6, ó fhíon súilíneach aeraithe den chineál a

shainítear i bpointe 7, ó fhíon leath-shúilíneach den chineál a shainítear i bpointe 8, nó ó ó fhíon leath-shúilíneach aeraithe den chineál a shainítear i bpointe 9;

(b) táirge é a ndearnadh cóiriú dí-alcólúcháin air i gcomhréir leis na próisis a shonraítear i Roinn E de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII; agus

(c) táirge é ar mó ná 0.5 % a neart alcólach iomlán arna thomhas mar chéatadán dá thoirt, agus a ndearnadh, leis na próisis a shonraítear i Roinn E de Chuid I d'Iarscríbhinn VIII, a neart alcólach iomlán arna thomhas mar chéatadán dá thoirt a laghdú 20 % i gcomparáid leis an neart alcólach iomlán a bhí ann roimh thús na bpróiseas sin.;

Or. fr

Réasúnú

Ní chomhlíonann cruthú na catagóire nua d'fhionta dí-alcólaithe an sainmhíniú ar fhíon a leagtar síos in Iarscríbhinn VII, Cuid II den Rialachán maidir le comheagrú na margáí talmhaíochta (CEM). Ní mór cumhráin a chur le fionta dí-alcólaithe mar chúiteamh as alcól a chailleadh agus is ionann iad agus táirgí tionsclaíocha. Ní féidir leis na táirgí fíona seo a bheith faoi réir rialacha CEM ach faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 251/2014 maidir le fionta cumhraithe.

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Iarscríbhinn VIII – cuid I – Roinn E

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(33) i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII, cuirtear isteach an Roinn E seo a leanas:

scriosta

«E. Próisis dhí-alcólúcháin

Ceadófar na próisis dhí-alcólúcháin seo a leanas, úsáidtear astu féin iad nó i gcumasc le cinn eile díobh, chun cion eatánóil na dtáirgí fíniúna dá dtagraítear

i bpointe 1 agus i bpointí 4 go 9 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a laghdú nó a asbhaint beagnach ina iomláine:

- (a) páirt-fholúsghalú;*
- (b) teicnící fíocháin;*
- (c) driogú.*

Is éigean a áirithiú nach mbeidh de thoradh ar na próisis dhí-alcólúcháin go bhfágtar fabhtanna orgánaileipteacha sa táirge fíniúna. Ní mór a chinntiú nach i gcónasc leis an méadú ar an gcion siúcra san fhíonchaor a dhéantar an díbirt eatánóil as an táirge fíniúna. '

Or. fr

Réasúmú

Ní chomhlíonann cruthú na catagóire nua d'fhionta dí-alcólaithe an sainmhíniú ar fhíon a leagtar síos in Iarscríbhinn VII, Cuid II den Rialachán maidir le comheagrú na margáí talmhaíochta (CEM). Ní mór cumhráin a chur le fionta dí-alcólaithe mar chúiteamh as alcól a chailleadh agus is ionann iad agus táirgí tionsclaíocha. Ní féidir leis na táirgí fíona seo a bheith faoi réir rialacha CEM ach faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 251/2014 maidir le fionta cumhraithe.

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn XI

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

33 a) Scriostar Iarscríbhinn IX

Or. fr

Réasúmú

Scriosadh córas na gcuótaí siúcra. Níor scrios an Coimisiún Iarscríbhinn XI

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn XII

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

33 b) Scriostar Iarscríbhinn XII

Or. fr

Réasúnú

Scríosadh córas na gcuótaí siúcra. Níor scríos an Coimisiún Iarscríbhinn 12.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn XIII

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

33 c) Scriostar Iarscríbhinn XIII

Or. fr

Réasúnú

Scríosadh córas na gcuótaí siúcra. Níor scríos an Coimisiún Iarscríbhinn 13.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) ar timpeallacht gheografach ar leith gona gnéithe dúchasacha nádúrtha, agus más iomchuí sin, gona gnéithe daonna, is

(b) ar timpeallacht gheografach ar leith agus gnéithe dúchasacha nádúrtha agus daonna na timpeallachta sin is cúis, go

cúis, go bunúsach nó go heisiach, lena cháilíocht nó lena shaintréithe;

bunúsach nó go heisiach, lena cháilíocht agus a shaintréithe.

Or. fr

Réasúin

Sa leasú seo iarrtar go ndéanfaí an sainmhíniú ar shonrúchán tionscnaimh a chur in oiriúint do Chomhaontú Liospóin. Tá fachtóirí daonna riachtanach i dtréithriú an táirge sa sonrúchán tionscnaimh. Lena chois sin, bheadh iarmhairtí ag baint leis dá ndéanfaí maolú ar na fachtóirí daonna ó thaobh chosaint na dtairgí ar an leibhéal idirnáisiúnta áit a mbíonn iomaitheoirí go minic ag brath ar chosúlachtaí na limistéar nádúrtha agus geografach chun maolú a dhéanamh ar shainiúlacht na sonrúchán tionscnaimh.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

Airteagal 7 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3) i mír 1 d'Airteagal 7, scriostar pointe (d);

3) i mír 1 d'Airteagal 7, in ionad phointe (d) ***cuirtear isteach an méid seo a leanas:***

"(d) fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe dá dtagraítear in Airteagal 5(1) nó (2) é an táirge; "

Or. fr

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?qid=1539769667287&uri=CELEX:32012R1151>)

Réasúin

Tá foclaíocht reatha phointe d, maidir le sainmhíniú ar an limistéar geografach, ina foclaíocht dhébhrioch, agus tá sé beartaithe í a leasú beagán chun go leagfaí béim ar inrianaitheacht an táirge a bhfuil sonrúchán tionscnaimh ag gabháil leis nó a bhfuil tásc geografach faoi chosaint ag gabháil leis.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 6 – pointe b

Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

Airteagal 15 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

scriosta

‘Gan dochar d’Airteagal 14, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhféadfar an idirthréimhse dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a fhadú go 15 bliana, i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, agus nuair a léirítear an méid seo a leanas:’;

Or. fr

Réasúnú

Déanann togra an Choimisiúin, eadhon nach mbeadh tréimhse uasta ann a thuilleadh le haghaidh idirthréimhsí áirithe, lagú ar an gcosaint a thugann sonrúchán tionscnaimh nó tásc geografach faoi chosaint. D’fhéadfadh uireasa na teorann ama mearbhall a chur ar thomhaltóirí agus d’fhéadfaí caitheamh go neamhionann le táirgeoirí freisin dá bharr.

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013

Airteagal 30 – mír 2 – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

— sna ranna Francacha thar lear:
EUR **267 580 000**

— sna ranna Francacha thar lear: EUR
278,410,000 milliún,

Or. fr

Réasúnú

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013

Airteagal 30 – mír 2 – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

— na hAsóir agus Maidéara:
EUR **102 080 000**

— na hAsóir agus Maidéara: EUR
106,210,000 milliún,

Or. fr

Réasúiní

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013

Airteagal 30 – mír 2 – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

— na hOileáin Chanáracha:
EUR **257,970,000**

— na hOileáin Chanáracha: EUR
268,420,000 milliún.

Or. fr

Réasúiní

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013

Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 1 – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

— sna ranna Francacha thar lear:

— sna ranna Francacha thar lear: EUR

EUR 25 900 000

26,900,000 milliún,

Or. fr

Réasúnú

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013

Airteagal 30 – mír 3 – fómhír 1 – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

— na hAsóir agus Maidéara:
EUR 20 400 000

— na hAsóir agus Maidéara: EUR
21,200,000 milliún,

Or. fr

Réasúnú

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 228/2013

Airteagal 30 – mír 3 – fómhír 1 – fleasc 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

— na hOileáin Chanáracha:
EUR 69 900 000

— na hOileáin Chanáracha: EUR
72,700,000 milliún.

Or. fr

Réasúnú

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 229/2013

Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Maoineoidh an tAontas na bearta dá bhforáiltear i gCaibidil III agus i gCaibidil IV go dtí uasmhéid bliantúil de EUR **23,000,000** milliún.

Leasú

2. Maoineoidh an tAontas na bearta dá bhforáiltear i gCaibidil III agus i gCaibidil IV go dtí uasmhéid bliantúil de EUR **23,930,000** milliún.

Or. fr

Réasúnú

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1

Rialachán (AE) Uimh. 229/2013

Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. An méid a leithdháilfear gach bliain chun na socrúithe sonracha soláthair dá bhforáiltear i gCaibidil III a mhaoiniú, ní fhéadfaidh sé **EUR 6 830 000** a shárú.'

Leasú

3. An méid a leithdháilfear gach bliain chun na socrúithe sonracha soláthair dá bhforáiltear i gCaibidil III a mhaoiniú, ní fhéadfaidh sé **EUR 7,110,000** a shárú.'

Or. fr

Réasúnú

Éilítear leis an leasú go ndéanfaí an t-imchlúdach reatha a choinneáil.

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Féadtar fionta nach gcomhlíonann ceanglais an rialacháin seo a chur ar an margadh nó a lipéadú roimh chur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an rialacháin go dtí go mbeidh na stoic sin ídithe.

Or. fr

Réasúnú

Baineann an leasú seo le lipéadú fionta roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin nua agus go háirithe an chuid den rialachán a bhaineann le hoibleagáidí lipéadaithe.

Leasú 108

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**Beidh feidhm ag Airteagal 119(1)(g),
Airteagal 119(3)(b) agus Airteagal
121(2)(a) maidir le... [bliain amháin tar
éis theacht i bhfeidhm an ghnímh
tharmligthe].**

Or. fr

Réasúnú

Tiocfaidh na forálacha éigeantacha maidir le lipéadú éigeantach fuinnimh i bhfeidhm bliain amháin tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe.

Leasú 109

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**Beidh feidhm ag Airteagal 119(1), pointe
(g)(b) agus Airteagal 119(3)(a) maidir le...**

[dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe].

Or. fr

Réasúiní

Tiocfaidh na forálacha éigeantacha maidir le lipéadú éigeantach liosta na gcomhábhar i bhfeidhm dhá bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh tharmligthe.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Níl théann an dréacht-leasú atá beartaithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) arna mholadh ag an gCoimisiún i ngleic leis na dúshláin. Ó 2014 i leith, tá an ghéarchéim ioncaim talmhaíochta tar éis difear a dhéanamh d'fhormhór an táirgthe, rud a théann i bhfeidhm ar athnuachan ó ghlúin go glúin sa phobal feirmeoireachta. Níor shamhlaigh tomhaltóirí Eorpacha riamh a mhéid tábhachta is a dhéanann siad anois lena bhfuil ar a bpláta agus ní thuigeann siad nach gcuireann AE dóthain dearbhaithe ar fáil maidir le cáilíocht na dtáirgí agus dínit na ndaoine a tháirgeann na táirgí sin.

Tá sé thar am súil a chaitheamh siar ar fhinscéalta na 1990dí tráth a raibh an margadh dírithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta, agus a raibh an comhthiomsú monaplachta ar agra-sholáthar, ar agraibhia agus ar dháileadh ag a leibhéal is láidre riamh. Anois agus iltaobhachas ag moilliú agus ag fágáil spáis do chogadh trádála ar scála nach bhfacthas cheana, ní mór don Aontas uathriail straitéiseach a ghlacadh air féin agus saintréithe na ceannasachta bia a fháil ar ais. Murach sin, laghdófar a éifeachtacht, agus beidh tasc níos éasca acusan atá ag iarraidh cur i gcoinne an lánpháirtithe Eorpaigh.

Gan mórán de sheans go dtabharfaí caibidlíochtaí i gcrích roimh dheireadh an téarma oifige, toisc gur cuireadh moill le cur in iúl na n-éiginnteachtaí maidir leis an gcéad gceat airgeadais ilbhliantúil eile, thapaigh an Rapóirtéir an deis chun a lua, maidir leis an togra ón gCoimisiún, go raibh sé easnamhach, ionas go mbreitheofaí athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar rialachán CEM chun go mbeadh sé ina rialachán a bheadh sásúil chun géarchéimeanna talmhaíochta a bhainistiú.

Tá gá deireadh a chur le fóirdheontais onnmhairithe mar a mholann an Coimisiún, i bhfianaise ár ngealltanas idirnáisiúnta. Ag an am céanna, sa mhéid nach bhfuiltear ag onnmhairiú a thuilleadh míchothromaíochtaí ár margaidh inmheánaigh beidh gá le fíorghiaráil chun géarchéimeanna a bhainistiú. Tá na huirlisí ann cheana féin sa Rialachán, agus chuidigh athchóiriú 2013 iad á neartú. Léiríodh le tabhairt isteach na tacaíochta don laghdú deonach ar tháirgeadh bainne in 2016 gur éifeachtach an uirlis í agus gur féidir comhthoil a bhaint amach san Aontas. Ach is gá feabhas a chur, áfach, ar shofhreagracht trí úsáid a bhaint as uirlisí chun fíor-chómhargadh a bhaint amach, agus rannchuideoidh an t-athchóiriú atá beartaithe ag an gCoimisiún ar an gcúlchiste géarchéime maidir leis sin. Dar leis an Rapóirtéir, níl sé mar aidhm leis sin teorainn a chur le cumhachtaí an Choimisiúin agus filleadh ar uath-úsáid uirlisí, ach a mhalairt: ba cheart go gcuirfí an fhreagracht ar an gCoimisiún trína chumasú, mar údarás bainistíochta, straitéis gníomhaíochta a tharraingt suas laistigh de chreat feidhmíochta a thacóidh leis an idirphlé idir an Pharlaimint agus an Chomhairle.

Ba cheart go leanfadh an idirghabháil phoiblí (stóráil phoiblí) ag soláthar líontán sábhála na rogha deiridh i gcás ina mbeadh praghsanna tar éis titim go mór faoi bhun leibhéal na cothromaíochta, ach cuideodh úsáid uirlisí eile ró-chnardh stoc a sheachaint. Molann an Rapóirtéir gur cheart go mbeadh formhór an chúnaimh do stóráil phríobháideach incháilithe le haghaidh líontán sábhála poiblí. De bhreis air sin, molann sé critéar nua maidir le

gníomhachtú dleachta allmhairithe ionas gur féidir nuashonrú a dhéanamh ar phraghasanna agus méideanna a ghníomhachtú nár athraigh le breis is fiche bliain anuas.

Chun tús a chur le dréachtú straitéise bainistithe géarchéime an Choimisiúin, iarrann an Rapóirtéir go ndéanfaí dhá thuarascáil a tharraingt suas: an chéad cheann maidir le freagairt do ghéarchéim Brexit; an dara ceann maidir le saintréithiú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla géarchéime i margaí talmhaíochta.

Ní féidir CBT iomlán a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig na pleananna straitéiseacha náisiúnta. Is gá don Choimisiún leanúint air ag ráthú iomláine an chómhargaidh i bhfianaise na ngéarchéimeanna. Thar aon ní eile, mura gcuirtear feabhas suntasach ar dhálaí luacha saothair na bhfeirmeoirí agus an timpeallacht á hathrú, leanfaidh CBT ar aghaidh de bheith neamhéifeachtach i dtéarmaí thimpeallacht an athraithe aeráide.

Tacaíonn an Rapóirtéir le cur chuige an Choimisiúin, eadhon go ndéanfaí na Ballstáit agus na feirmeoirí níos freagraí, go háirithe trí eagraíochtaí níos láidre táirgeoirí. Ach níor cheart do na réigiúin a bheith ina bhun sin, agus is gá don Choimisiún a ról a shainiú chun comhlántacht mhaith a bhaint amach ó thaobh bainistiú riosca phríobháidigh feirmeoirí agus a n-eagraíochtaí. Ní féidir réitigh a bhaineann le hárachas a úsáid, amhail cistí frithpháirteacha don idirghabháil phoiblí, mar nach aon chúnadh iad i gcásanna ina bhfuil na margaí an-spealta nó faoi réir éagothromaíochtaí móra sa chumhacht mhargála.

Chun dul chun cinn a dhéanamh agus chun oibreoirí eacnamaíocha a chumhachtú, tá an Rapóirtéir ag moladh, i gcomhréir leis an obair thábhachtach a rinne an Pharlaimint ó thaobh caibidlíocht a dhéanamh ar an Rialachán Omnibus, deireadh a chur leis na héiginnteachtaí is déanaí i ndáil leis na féidearthachtaí d'fheirmeoirí iad féin a eagrú, i ndáil le cásdlí 'endives'. Ar an taobh eile de, iarrann an Rapóirtéir go scriosfaí Airteagal 222, a dtugtar airteagal "i bhfabhar cartéil" air, mar go dtugann sé an cead do chartéil, fiú ar bhonn sealadach, teacht timpeall ar dhírialáil iomarcach, agus ní féidir glacadh leis sin.

Molann an Rapóirtéir go gcuirfí síneadh leis an forálacha maidir le rialú an tsoláthair, atá bailí inniu le haghaidh cáiseanna, liamhás agus fionta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tasc geografach faoi chosaint ag gabháil leo, agus le haghaidh gach táirge a bhfuil lipéad oifigiúil cáilíochta orthu agus gach téarma nua breise roghnach forchoimeáda go háirithe maidir le sláinte.

Beidh táirgeoirí atá eagraithe in ann páirt a ghlacadh i gcomhroinnt níos cothroime ar luach breise laistigh de na hearnálacha. Is gá go n-eascródh as an gcomhlántacht idir bainistiú riosca príobháideach agus bainistiú géarchéime poiblí go bhfeidhmeodh na margaí níos fearr agus ar an gcaoi sin go méadófaí sciar an ioncain feirme ó mhargaíocht a dhéanamh ar a bhfuil táirgthe.

Dá bhrí sin tá an Rapóirtéir ag moladh go ndéanfaí athbhreithniú meántearma chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus éifeachtacht fhoriomlán na bpleananna straitéise agus

rialacháin CEM amhail an 30 Meitheamh 2024. Ba cheart go mar chúnamh díchúpáilte a bheadh an bealach amach, a leanfaidh ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta á gcáineadh, mar a tharla leis an ionsaí a rinne na Stáit Aontaithe i gcoinne ológa boird Spáinneacha. San fhadtéarma, bheadh sé sin ar bhealach amach as loighic na tearc-chumarsáide idir dreamanna éagsúla chun iad go léir a thabhairt le chéile agus margaí a stiúradh go frith-thimthriallach, lena n-áirítear clár bia a bheadh neartaithe go suntasach agus beartas maidir le bith-bhreoslaí a dhéanamh solúbtha chun tosaíocht a thabhairt do shlándáil bia maidir le húsáidí neamhbhia agus chun feidhmiú mar a bheadh maolán turrainge i bhfianaise na héagobhsaíochta sna margaí talmhaíochta.

Tugann an Rapóirtéir dá aire nach bhfuil aon fhorálacha sa togra ón gCoimisiún maidir le hathruithe rialála arna dtabhairt isteach le hathchóiriú na dtreoracha agus na rialachán airgeadais (Treoracha Barnier), ach go bhfuil amh-ábhair anois ina gcuid den chreat maoirseachta arna chumhdach ag na húdaráis atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar na margaí airgeadais. Luaitear, áfach, in Airteagal 25 (1) de Rialachán Uimh. 596/2014 agus in Airteagal 79 (7) de Threoir 65/2014, an Rialachán sin agus foráiltear maidir le hoibleagáidí comhair don Choimisiún i ndáil le táirgí talmhaíochta.

Chun cúiteamh a dhéanamh maidir leis an locht sainiúil ar sheirbhísí talmhaíochta laistigh den Choimisiún, molann an Rapóirtéir go ndéanfaí oibleagáid an chomhair a tharchur agus forálacha a chur leis a dhéanfadh an t-aistriú faisnéise ina aistriú uathoibríoch ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún, go háirithe iadsan a bhaineann le ceadúnais onnmhairithe nó stoic phoiblí. Tá sé riachtanach freisin Airteagal 223 a fhorlíonadh trí chumhacht a thabhairt don Choimisiún a éileamh go mbainfi úsáid as ardáin aistrithe leictreonacha chun feabhas a chur ar thrédhearcacht na margaí is doiléire.

Ar bhonn níos ginearálta, iarrann an Rapóirtéir go ndéanfaí tuarascáil a dhréachtú maidir le húsáid a bhaint as faisnéis agus teicneolaíochtaí cumarsáide nua, go háirithe teicneolaíocht bhlocshlabhra, chun feabhas a chur a fheidhmiú na margaí agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Cé gur tharraing tuarascáil an Tascfhórsa maidir le fheidhmiú na margaí talmhaíochta aird ar an ábhar seo in 2016, níor dhréacht an Coimisiún aon tograí sa réimse sin, cé gur cheart go mbeadh simpliú agus nuachóiriú ar siúl.

Tá moltaí á ndéanamh ag an Rapóirtéir freisin maidir le síneadh a chur le cumhachtaí eagraíochtaí idirchraoibhe i dtéarmaí trédhearcachta agus cáilíochta. I ndáil leis an togra ón gCoimisiún maidir le comhlíonadh chaighdeáin an Chomhphobail d'fhíonta agus iad faoi bhealach, molann an Rapóirtéir go méadófaí líon na dtáirgí arna gcumhdach ag rialacha margaíochta chun comhionannas níos fearr a bhaint amach idir táirgeoirí Eorpacha agus táirgeoirí tríú tír.

Maidir leis na forálacha faoi earnáil an fhíona, iarrann an Rapóirtéir go leanfaí le scéim na n-údaruithe do phlanduithe i ndiaidh 2030, fad is a choinneofaí an oibleagáid go ndéanfaí meastóireacht suas go dtí 2030 ionas go dtabharfaí an deis d'eagraíochtaí gairmiúla a mbarúlacha a chur in iúl. Cuireann an Rapóirtéir i gcoinne an togra ón gCoimisiún an

sainmhíniú a leasú atá ann ar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gcomhréir leis an sainmhíniú atá i gComhaontú TRPS agus iarrann sé go ndéanfaí an sainmhíniú atá i gComhaontú Idirnáisiúnta Liospóin a úsáid. Aontaíonn an Rapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún go ndéanfaí cineálacha nua caor fíniúna a úsáid, lena n-áirítear fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh ag gabháil leo.

Measann an Rapóirtéir nach féidir leas a bhaint as an réimeas céanna maidir le fíonta dí-alcólaithe agus a dhéantar le haghaidh gnáthfhíonta mar nach gcomhfhreagraíonn fíonta dí-alcólaithe don sainmhíniú dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII, Cuid II de Rialachán CEM. Is gá uireasa alcóil a chúiteamh le blasóirí breise saorga, a bhfuil próiseas tionsclaíoch ag teastáil chuige. Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach freastal ar éileamh na trédhearcachta ar thaobh na dtomhaltóirí de. Is gá go mbeadh an fhaisnéis maidir le calraí agus an fhaisnéis le comhábhair an fhíonta le feiceáil ar an lipéad nó i bhfoirm dí-ábharaithe faoi seach.